# TREOIRLÍNTE EORPACHA MAIDIR LE TUAIRISCÍ GEARRA AR CHÁILÍOCHTAÍ A FHORBAIRT AGUS A SCRÍOBH, AR TUAIRISCÍ IAD ATÁ BUNAITHE AR THORTHAÍ FOGHLAMA

Grúpa tionscadail EQF-Europass

CEDEFOP

An Coimisiún Eorpach

Foilsíodh i mBéarla den chéad uair é mar:
EQF-Europass Project Group. (2024). *European guidelines for the development and writing of short, learning-outcomes-based descriptions of qualifications.* Publications Office of the European Union. Cedefop working paper series, 21. http://data.europa.eu/doi/10.2801/838553

Le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, aistríodh na treoirlínte sin agus tá siad ar fáil anois i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais agus i leaganacha teanga eile. Rinneadh na haistriúcháin a athbhreithniú agus a thabhairt chun críche le tacaíocht ó shaineolaithe náisiúnta. Is é an Coimisiún Eorpach amháin atá freagrach as cruinneas na n-aistriúchán. Meastar gur doiciméad tagartha é an leagan Béarla.

Luaigh an foilseachán seo mar seo a leanas:

Grúpa tionscadail EQF-Europass. (2024). *Treoirlínte Eorpacha maidir le tuairiscí gearra ar cháilíochtaí a fhorbairt agus a scríobh, ar tuairiscí iad atá bunaithe ar thorthaí foghlama.* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. Sraith páipéar oibre Cedefop, 21. http://data.europa.eu/doi/10.2801/0649677

---

Tá a lán eolas breise faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon.

Is féidir teacht air trí fhreastalaí Europa (http://europa.eu).

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

© Cedefop, 2024.

Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear a athúsáid ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

PDF
ISSN 1831-2403
ISBN 978-92-896-3949-1
doi: 10.2801/0649677
TI-BA-24-003-GA-N

Is é **an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna** (Cedefop) lárionad tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh gairmoideachais, gairmoiliúna, scileanna agus cáilíochtaí. Cuirimid eolas, taighde, anailísí agus fianaise ar fáil maidir le gairmoideachas, gairmoiliúint, scileanna agus cáilíochtaí

le haghaidh ceapadh beartas i mBallstáit an Aontais. Bunaíodh Cedefop ar dtús in 1975 le Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle. Rinneadh an cinneadh sin a aisghairm in 2019 le Rialachán (AE) 2019/128, rialachán lenar bunaíodh Cedefop ina ghníomhaireacht de chuid an Aontais agus lenar tugadh sainordú athnuaite dó.

Europe 123, Thessaloniki (Pylea), GREECE/AN GHRÉIG
Seoladh poist: Cedefop Service Post, 57001 Thermi, GREECE/AN GHRÉIG
Teil. +30 2310490111, Facs +30 2310490020
Ríomhphost: info@cedefop.europa.eu
www.cedefop.europa.eu

Jürgen Siebel, *Stiúrthóir Feidhmiúcháin*
Mario Patuzzi, *Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta*

# Buíochas

Is ann do na treoirlínte seo a bhuí leis an obair a rinne grúpa tionscadail EQF-Europass maidir le tuairiscí gearra ar thorthaí foghlama cáilíochtaí.

Chomhaontaigh Grúpa Comhairleach an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí agus Grúpa Comhairleach Europass an grúpa tionscadail a bhunú i mí an Mheithimh 2021 chun treoirphrionsabail choiteanna a fhorbairt agus a chomhaontú maidir le tuairiscí gearra ar thorthaí foghlama a struchtúrú ar mhaithe le cáilíochtaí a fhoilsiú i mbunachair sonraí agus cláir atá nasctha le Europass. Bhí an grúpa ag feidhmiú ó mhí na Nollag 2021 go mí Dheireadh Fómhair 2023.

I measc bhaill an ghrúpa tionscadail bhí saineolaithe ó 12 thír agus eagraíochtaí páirtithe leasmhara a bhí ag déanamh ionadaíochta ar réimse an oideachais agus na hoiliúna agus ar mhargadh an tsaothair. Chuathas i gcomhairle le Grúpa Comhairleach an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí agus le Grúpa Comhairleach Europass araon maidir le dréachtaí eatramhacha agus críochnaitheacha de na treoirlínte.

Is é an Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, a rinne an obair a chomhordú i gcomhréir le Moladh 2017 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí agus Cinneadh Europass, 2018. Chuir Cedefop, arbh iad Zelda Azzarà agus Jens Bjornavold a ionadaithe, tacaíocht theicniúil agus choincheapúil ar fáil agus dhréachtaigh Cedefop na treoirlínte i ndlúthchomhar le baill an ghrúpa tionscadail a raibh an Foras Eorpach Oiliúna ina measc freisin.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le baill an ghrúpa tionscadail a rinne ionchur luachmhar a chur ar fáil, comhairliúcháin a chur i gcrích agus na treoirlínte a thástáil le saineolaithe náisiúnta agus le páirtithe leasmhara, agus a chuidigh linn feabhas a chur ar an doiciméad.

# Clár

**BUÍOCHAS** ..... **1**

**CLÁR** ..... **2**

**TÁBLAÍ, FÍORACHA AGUS BOSCAÍ** ..... **4**

**RÉAMHRÁ** ..... **5**

Tábhacht na dtuairiscí gearra ar cháilíochtaí, ar tuairiscí iad atá bunaithe ar thorthaí foghlama ..... 5

Forbairt agus aidhm na dtreoirlínte ..... 6

Úsáideoirí agus feidhmeanna na dtreoirlínte ..... 7

Raon feidhme na dtreoirlínte ..... 7

Úsáid na dtuairiscí gearra ar thorthaí foghlama ..... 8

Do bhealach a dhéanamh trí na treoirlínte ..... 9

Breithnithe breise ..... 10

**TUAIRISCÍ GEARRA BUNAITHE AR THORTHAÍ FOGHLAMA: NA PRÍOMHBHLOIC THÓGÁLA** ..... **11**

**A – GNÉITHE FOIRMIÚLA** ..... **12**

A1. Fad ..... 12

A2. Formáid na tuairisce ..... 12

**B – GNÉITHE I NDÁIL LE HÁBHAR** ..... **13**

B1. Cuspóirí agus fócas foriomlán na cáilíochta i bhfoirm insinte ..... 13

Ceisteanna treoracha ..... 15

Moltaí ..... 16

Tosca agus leideanna breise ..... 20

B2 – Torthaí foghlama i bpointí urchair ..... 21

Ceisteanna treoracha ..... 23

Moltaí ..... 24

Tosca agus leideanna breise ..... 30

**ACRAINMNEACHA** ..... **32**

**IARSCRÍBHINNÍ** ..... **33**

Iarscríbhinn I. Samplaí de thuairiscí gearra ar cháilíochtaí, ar tuairiscí iad atá bunaithe ar thorthaí foghlama ............................................................. 33

Iarscríbhinn II. Briathra gníomhaíochta ........................................................ 37

Iarscríbhinn III. Cáilitheoirí (mar shampla, aidiachtaí agus dobhriathra).......... 40

Iarscríbhinn IV. An Creat Eorpach um Cháilíochtaí: tuairisceoirí leibhéil () ..... 41

Iarscríbhinn V. Foinsí agus naisc bhreise ........................................................ 44

**ACHOIMRE........................................................................................................ 46**

# Táblaí, fíoracha agus boscaí

## Táblaí

1. Struchtúr agus formáid na tuairisce giorra (insint agus pointí urchair) ........ 12
2. Cuspóir agus fócas foriomlán na cáilíochta ........ 13
3. Torthaí foghlama i bpointí urchair ........ 21
4. Comhréir na n-abairtí (pointí urchair) ina léirítear torthaí foghlama.. 25

## Fíoracha

1. Tuairiscí gearra bunaithe ar thorthaí foghlama - na príomhbhloic thógála 11

## Boscaí

1. Samplaí d’insintí lena dtugtar isteach cuspóirí agus fócas foriomlán cáilíochtaí ........ 13
2. Sainmhínithe ar na príomhchoincheapa ........ 21

# Réamhrá

## Tábhacht na dtuairiscí gearra ar cháilíochtaí, ar tuairiscí iad atá bunaithe ar thorthaí foghlama

Is éard is torthaí foghlama ann ráitis ar an méid ba cheart a bheith ar eolas ag duine aonair, an méid ba cheart dó a thuiscint agus/nó an méid ba cheart dó a bheith in ann a dhéanamh ag deireadh próisis foghlama. Forbairt agus úsáid na gcreataí náisiúnta um cháilíochtaí (NQFanna) atá bunaithe ar thorthaí foghlama agus atá nasctha leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) ar leibhéal an Aontais, chuir an fhorbairt agus an úsáid sin feabhas ar thrédhearcacht agus inchomparáideacht cáilíochtaí ([1]) ar fud na hEorpa.

Cé go dtugann leibhéil EQF agus NQF bealach simplí dúinn chun an chéad tuiscint ar cháilíochtaí a fháil, tá tábhacht nach beag ag baint le bunachair sonraí/cláir cáilíochtaí a fhorbairt chun trédhearcacht na gcáilíochtaí a dhoimhniú.

Tá sé úsáideach leas a bhaint as cur chuige na dtorthaí foghlama chun cosúlachtaí agus difríochtaí idir cáilíochtaí a shainaithint, agus tugann torthaí foghlama tuiscint níos fearr dúinn ar raon feidhme agus fócas na gcáilíochtaí ([2]). Léirítear i staidéir agus i dtionscadail a rinneadh le déanaí, áfach, go bhféadfadh tuairiscí ar thorthaí foghlama a bheith éagsúil ó thaobh faid, foirmlithe agus mionsonraíochta de, cuir i gcás. Is dúshlán é sin i leith inchomparáideacht na gcáilíochtaí ([3]).

---

([1]) Cáilíochtaí: toradh foirmiúil ar phróiseas measúnaithe agus bailíochtaithe a fhaightear nuair a chinneann údarás inniúil go bhfuil torthaí foghlama bainte amach ag duine aonair ar chaighdeáin faoi leith.

([2]) Cedefop (2020). *An Creat Eorpach um Cháilíochtaí. Gairmoideachas agus gairmoiliúint tosaigh: béim ar cháilíochtaí ar leibhéil 3 agus 4*.

Cedefop (2020). *Forbairtí i gcreataí náisiúnta um cháilíochtaí san Eoraip in 2019. Creataí um cháilíochtaí: trédhearcacht agus breisluach d'úsáideoirí deiridh*.

Cedefop (2022). *Comparáid a dhéanamh idir cáilíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna: i dtreo modheolaíochtaí chun anailís a dhéanamh ar thorthaí foghlama agus iad a chur i gcomparáid le chéile*.

(3) Treoirthionscadail EQF agus grúpa tionscadail EQF maidir le hinchomparáideacht chothrománach cáilíochtaí 2016 agus 2018; grúpa tionscadail EQF-Europass maidir le tuairiscí gearra ar cháilíochtaí 2023;

Cedefop (2022). Comparáid a dhéanamh idir cáilíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna: i dtreo modheolaíochtaí chun anailís a dhéanamh ar thorthaí foghlama

Forbraítear tuairiscí iomlána ar cháilíochtaí náisiúnta de réir critéir agus tosaíochtaí náisiúnta agus d'fhéadfadh sé go dtagródh siad don iliomad torthaí foghlama sonracha. Tuairiscí gearra sintéiseacha, is é sin, tuairiscí a chuireann le tuairiscí náisiúnta iomlána ach nach gcuirtear ina n-ionad, tá an iliomad tairbhí ag baint leo, ós rud é gur féidir leo rochtain éasca agus pointe iontrála a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí aonair nó d'fhostóirí atá ag lorg eolais maidir le cáilíochtaí sonracha. Is fusa iad a aistriú agus tugann siad forbhreathnú tapa ar ábhar agus próifíl na cáilíochta.

Tá sé tábhachtach tuairiscí gearra a struchtúrú de réir na bprionsabal céanna chun trédhearcacht agus tuiscint a mhéadú agus chun comparáid a éascú; D'fhéadfadh an méid sin a bheith ina thacaíocht freisin chun leas a bhaint as forbairtí digiteacha ar mhaithe le heolas faoi ábhar agus próifíl cáilíochtaí a rochtain, a úsáid, a nascadh agus a chur i gcomparáid le chéile ([4]).

Trí inrochtaineacht, trédhearcacht agus inchomparáideacht cáilíochtaí a fheabhsú, féadtar soghluaisteacht oibrithe agus foghlaimeoirí a mhéadú, agus tacaítear leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus le bainistiú gairme trí cháilíochtaí agus taithí éagsúla a nascadh le chéile.

## Forbairt agus aidhm na dtreoirlínte

Is grúpa saineolaithe ([5]) ar leibhéal an Aontais a d'fhorbair na treoirlínte seo, grúpa arna chomhordú ag an gCoimisiún Eorpach le tacaíocht theicniúil agus

---

agus iad a chur i gcomparáid le chéile.

Cedefop (2022). *Torthaí foghlama a shainiú, a scríobh agus a chur i bhfeidhm: lámhleabhar Eorpach.* 2ú heagrán.

([4]) Azzara Z. & Garmash A. (2022). Ó chórais ilroinnte pháipéarbhunaithe go córais um cháilíochtaí atá nasctha go digiteach agus a bhfuil rochtain ag saoránaigh orthu. In Cedefop, an Foras Eorpach Oiliúna, UNESCO & Institiúid UNESCO um an bhFoghlaim ar Feadh an tSaoil. *Fardal Domhanda na gcreataí réigiúnacha agus náisiúnta um cháilíochtaí 2022. Imleabhar 1: Caibidlí Téamacha.* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

([5]) Chomhaontaigh Grúpa Comhairleach an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí agus Grúpa Comhairleach Europass grúpa tionscadail a bhunú a mbeadh sainordú aige treoirlínte a fhorbairt maidir le tuairiscí gearra ar thorthaí foghlama, treoirlínte a bheadh le foilsiú ar Europass. I measc bhaill an ghrúpa, bhí saineolaithe ó 12 thír (an Bheilg (NL), an Chipir, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Iorua, an Íslítír, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Ungáir), Cumann Eorpach na nOllscoileanna, SMEunited, BusinessEurope agus an Foras Eorpach Oiliúna. Ba é an Coimisiún Eorpach a bhí ina chathaoirleach ar an ngrúpa agus thug Cedefop tacaíocht theicniúil agus choincheapúil dó

choincheapúil ó Cedefop agus i gcomhairle le saineolaithe agus páirtithe leasmhara náisiúnta.

Cuireadh isteach 33 cháilíocht (tuairiscí gearra agus iomlána) i gcomhthéacs an ghrúpa. Astu sin, rinneadh anailís ar 22 cháilíocht chun príomhphrionsabail a bhaint amach ar bunaíodh na treoirlínte orthu. Cuireadh dréacht tosaigh de na treoirlínte i láthair ag an 60ú cruinniú de Ghrúpa Comhairleach an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí i mí na Samhna 2022 (Nóta ó Ghrúpa Comhairleach EQF 60-4) agus rinneadh tástáil ar na treoirlínte ina dhiaidh sin. Is éard a bhí i gceist leis sin aiseolas a bhailiú ó pháirtithe leasmhara náisiúnta maidir le téacs na dtreoirlínte, mar aon le tuairiscí gearra ar cháilíochtaí a fhorbairt agus úsáid á baint as na treoirlínte d’fhonn samplaí a chur leo. Faoi dheireadh an phróisis, bhí 20 tuairisc forbartha, agus cuireadh próiseas athbhreithnithe piaraí i gcrích chun gnéithe a shainaithint inar ghá feabhas a chur ar na treoirlínte ar mhaithe le soiléireacht níos fearr agus chun tuairiscí a shainaithint a d’fhéadfadh a bheith ina n-eiseamláirí (sa deireadh cuireadh trí shampla san áireamh sna treoirlínte).

Is é an aidhm atá ann prionsabail choiteanna a chur chun cinn agus, dá bhrí sin, struchtúr agus cur chuige comhsheasmhach a bheith ann i ndáil le tuairiscí gearra sintéiseacha ar thorthaí foghlama cáilíochtaí a fhorbairt, tuairiscí a bheadh le foilsiú i mbunachair sonraí/cláir cáilíochtaí atá nasctha le Europass.

## Úsáideoirí agus feidhmeanna na dtreoirlínte

Riarthóirí, soláthraithe oideachais agus oiliúna, comhlachtaí atá freagrach as cáilíochtaí agus/nó saineolaithe atá freagrach as tuairisc a thabhairt ar cháilíochtaí agus iad a shainiú ar gach leibhéal agus i ngach earnáil, idir phoiblí agus phríobháideach – tairbhíonn na húsáideoirí sin de na treoirlínte nuair a bhíonn tuairiscí gearra á gcruthú acu.

Cé go bhfuil na treoirlínte ceaptha le haghaidh tuairiscí gearra ar thorthaí foghlama cáilíochtaí a bhaineann le NQF/EQF, is féidir iad a úsáid i gcás aon cháilíocht, teastas nó dioplóma, agus is féidir iad a úsáid chun tuairisc a thabhairt ar chodanna nó aonaid cáilíochtaí freisin. Is féidir iad a úsáid mar thuairiscí ar cháilíochtaí, bíodh leibhéil NQF/EQF i gceist leo nó ná bíodh.

## Raon feidhme na dtreoirlínte

Is freagracht náisiúnta é tuairiscí gearra agus fada ar cháilíochtaí a fhorbairt.

Tá na treoirlínte seo ina dtacaíocht chun tuairiscí gearra a fhorbairt agus a scríobh – is é sin tuairiscí sintéiseacha gonta – bunaithe ar thorthaí foghlama, lena

léirítear ábhar, fócas agus castacht gach cineáil agus leibhéil cáilíochta. Ní thugtar aghaidh ar thuairiscí iomlána ar cháilíochtaí (i bhfoirm caighdeán cáilíochtaí nó curaclam náisiúnta, cuir i gcás) sna treoirlínte seo.

Sna samhlacha eolais atá ann faoi láthair ([6]) moltar réimsí eolais (mar shampla, ainm na cáilíochta, an foras bronnta, réimse) chun feabhas a chur ar chomhroinnt eolais maidir le cáilíochtaí agus ar bhunachair sonraí/cláir cáilíochtaí ([7]). Mar sin féin, ní thugann na samhlacha atá ann faoi láthair ach treoraíocht ghinearálta maidir le heolas faoi thorthaí foghlama a chur i láthair ar bhealach a thacaíonn le trédhearcacht agus inchomparáideacht. Cuireann na treoirlínte seo le samhlacha den sórt sin, agus is é is aidhm dóibh na samhlacha a chomhtháthú trí bhéim a leagan ar an réimse eolais sonrach 'torthaí foghlama'.

## Úsáid na dtuairiscí gearra ar thorthaí foghlama

Ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, éascaíonn forbairt na dtuairiscí gearra trédhearcacht agus inchomparáideacht cáilíochtaí ó earnálacha agus ó thíortha éagsúla, mar shampla, trí Europass agus EQF. Ina theannta sin, cuireann na tuairiscí deis ar fáil feabhas a chur ar cháilíocht agus raon feidhme na n-uirlisí atá ann cheana chun eolas faoi cháilíochtaí a chomhroinnt.

Ar an leibhéal náisiúnta, is féidir tuairiscí gearra a úsáid ar mhaithe le heolas agus cúrsaí cumarsáide, go háirithe mar thaca le creataí cáilíochtaí agus mar chuid de bhunachair sonraí agus cláir cáilíochtaí.

Le tuairiscí gearra ar cháilíochtaí, ba cheart úsáideoirí agus páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta (ina measc siúd foghlaimeoirí, fostóirí, comhairleoirí, tuismitheoirí, múinteoirí, soláthraithe oideachais agus oiliúna, agus

([6]) Is é 'samhlacha eolais' an téarma a úsáidtear i gcomhthéacs na Samhla Foghlama Eorpaí. Tagraíonn sé do na foinsí a ndearnadh anailís orthu agus a measadh chun an tSamhail Foghlama Eorpach a fhorbairt. San áireamh leis sin, cuir i gcás, tá sainmhínithe agus caighdeáin a baineadh as Moladh EQF, Moladh Europass, forlíonadh dioplóma nó forlíonadh teastais.

([7]) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Moladh EQF, léirítear réimsí sonraí éigeantacha agus roghnacha chun eolas faoi gach cineál agus leibhéal cáilíochta a fhoilsiú go digiteach (mar shampla, ainm na cáilíochta, foras bronnta, réimse). Chun cur le hIarscríbhinn III, tacaíonn Clár na dTacar Sonraí um Cháilíochtaí (QDR) agus an tSamhail Foghlama Eorpach (ELM) le heolas faoi cháilíochtaí a fhoilsiú agus a chomhroinnt in Europass. Cé go gcuireann na samhlacha atá ann faoi láthair béim ar thábhacht an eolais faoi thorthaí foghlama, ní thugann siad ach treoraíocht ghinearálta maidir leis na torthaí foghlama a chur i láthair ar bhealach a thacaíonn le trédhearcacht agus inchomparáideacht. Dá bhrí sin, is féidir a rá go gcuireann na treoirlínte seo leis na samhlacha atá ann faoi láthair chun eolas faoi cháilíochtaí a chomhroinnt, agus go leathnaíonn siad na samhlacha sin freisin.

cleachtóirí bailíochtaithe) a bheith in ann ábhar, castacht agus fócas na foghlama a thuiscint go tapa. Cé gur cheart eolas comhsheasmhach a chur in iúl sna tuairiscí maidir leis an leibhéal castachta atá i gceist leis an bhfoghlaim, ní hé an phríomhchuspóir atá leo bonn cirt cuimsitheach a chur faoin leibhéal EQF/NQF.

Féadann úsáid na dtuairiscí gearra ar thorthaí foghlama a bheith ag brath ar chomhthéacsanna agus cleachtais náisiúnta, a naisc le tuairiscí níos mionsonraithe ar cháilíochtaí, nó le cláir agus curaclaim san áireamh. Déanann roinnt tíortha idirdhealú cheana féin idir tuairiscí iomlána mionsonraithe ar thorthaí foghlama a úsáidtear chun críoch leibhéalaithe nó aitheantais, agus úsáideann siad tuairiscí níos giorra chun achoimre a dhéanamh ar phríomhghnéithe na cáilíochta.

## Do bhealach a dhéanamh trí na treoirlínte

Tá na treoirlínte roinnte i ndá phríomhroinn, A agus B.

I Roinn A, dírítear ar ghnéithe foirmiúla na tuairisce (fad agus formáid). I Roinn B, dírítear ar ghnéithe i ndáil le hábhar na tuairisce agus tugtar treoraíocht maidir leis an méid ba cheart a mheas agus tuairisc á forbairt agus cuirtear moltaí ar fáil faoi chomhréir na n-abairtí.

Nuair a bhíonn tuairiscí gearra á ndréachtú, tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar na príomhghnéithe i ndáil le hábhar a liostaítear sna treoirlínte (fairsinge/raon feidhme, doimhneacht/castacht, agus comhthéacs) ar bhealach solúbtha, gan bheith docht ná meicníoch. Is teibíochtaí coincheapúla iad roinnt idirdhealuithe, a bhfuil forluí eatarthu le fírinne.

Cuid de na moltaí a thugtar, d’fhéadfadh sé go mbeidís follasach nó simplí dar le saineolaithe agus cleachtóirí i réimse na dtorthaí foghlama. Toisc go bhfuil sé d’aidhm ag na treoirlínte freisin tacú leo siúd nach bhfuil chomh heolach céanna ar an réimse seo, cuirtear comhairle chineálach san áireamh, mar aon le naisc chuig acmhainní breise (féach Foinsí agus Naisc bhreise sna Ranna).

Chun tacú le tuiscint an léitheora, cuimsítear mínithe, íomhánna, ceisteanna treoracha agus moltaí sna treoirlínte, mar aon le leideanna agus tosca breise. Sa bhreis ar na trí shampla de thuairiscí gearra in Iarscríbhinn I, cuirtear samplaí sonracha a bhaineann le moltaí agus leideanna san áireamh sna treoirlínte. Cuirtear liosta de bhriathra gníomhaíochta/frásaí briathartha agus cáilitheoirí ar fáil freisin.

Na samplaí atá sna treoirlínte, tógadh iad ó thuairiscí gearra ar cháilíochtaí atá ann cheana nó rinneadh iad a oiriúnú nó a chruthú chun críocha an léirithe.

## Breithnithe breise

Agus na treoirlínte seo agus na samplaí a ghabhann leo (Iarscríbhinn I) á bhforbairt, tháinig sé chun solais go mbíonn dúshlán mór ag baint le tuairisc fhoirfe a chur le chéile. Is freagracht náisiúnta é sin, agus d'fhéadfadh critéir éagsúla a bheith le comhlánú ag tíortha éagsúla nó d'fhéadfadh gnéithe áirithe a bheith acu ar mian leo béim a leagan orthu. Ba cheart forbairt na dtreoirlínte seo a mheas mar chuid d'iarracht chomhoibríoch leanúnach i measc tíortha, arb é is aidhm di treoirlínte coiteanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le tuairiscí ar thorthaí foghlama chun trédhearcacht agus inchomparáideacht cáilíochtaí a fheabhsú. Mar thoradh ar thaithí, comhar leanúnach agus malartuithe maidir le cur i bhfeidhm na dtreoirlínte ó thír go chéile agus ó earnáil go chéile, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh forbairt bhreise ar na treoirlínte agus go ndéanfaí samplaí breise a chuimsiú iontu.

Nuair a bhíonn tuairiscí gearra ar cháilíochtaí atá bunaithe ar thorthaí foghlama á scríobh, moltar machnamh a dhéanamh ar shaineolaithe lasmuigh den eagraíocht agus/nó den tír a tharraingt isteach sa phróiseas chun aiseolas a fháil.

# Tuairiscí gearra bunaithe ar thorthaí foghlama: na príomhbhloic thógála

Ba cheart na prionsabail seo a leanas a mheas nuair a bhíonn tuairiscí gearra á bhforbairt agus á scríobh:

A. Gnéithe foirmiúla

(a) A.1 Fad na tuairisce (750 go 1 500 carachtar gan spás);

(b) A.2 Formáid na tuairisce (insint agus pointí urchair).

B. Gnéithe i ndáil le hábhar

(a) B.1 Cuspóirí agus fócas foriomlán na cáilíochta (i bhfoirm téacs insinte);


(b) B.2 Príomhthorthaí foghlama (i bhfoirm pointí urchair) chun fócas, ábhar agus castacht na cáilíochta a chur in iúl trí na gnéithe seo a leanas a chumhdach:

  (i) B.2.1 Fairsinge/raon feidhme na foghlama a fuarthas;

  (ii) B.2.2 Doimhneacht/castacht na foghlama a fuarthas;

  (iii) B.2.3 Eolas faoin gcomhthéacs.

Fíor 1. **Tuairiscí gearra bunaithe ar thorthaí foghlama: na príomhbhloic thógála**




*Foinse*: Grúpa tionscadail EQF agus Europass maidir le tuairiscí gearra ar thorthaí foghlama cáilíochtaí.

# A – Gnéithe foirmiúla

## A1. Fad

Ba cheart an tuairisc a bheith idir 750 agus 1 500 carachtar (gan spás).

Is leor an spás san fhad táscach sin chun an buneolas faoin gcáilíocht a chur in iúl agus tugann sé deis do léitheoirí na bunghnéithe a bhaineann léi a thuiscint go tapa. Socraíodh teorainn tháscach chun a chinntiú gur féidir a mheas go bhfuil an tuairisc gearr.

## A2. Formáid na tuairisce

Tabhair tuairisc ar an gcáilíocht trí úsáid a bhaint as meascán den insint agus de phointí urchair.

Ba cheart an insint a úsáid chun cuspóir agus fócas foriomlán na cáilíochta a chur i láthair (B.1).

Ba cheart pointí urchair a úsáid chun na torthaí foghlama sonracha (B.2) a chur in iúl.

Tábla 1. **Struchtúr agus formáid na tuairisce giorra (insint agus pointí urchair)**

| | |
|---|---|
| **Insint ina gcuirtear cuspóirí agus fócas foriomlán na cáilíochta i láthair.** | Maidir le sealbhóir na cáilíochta, ……. |
| **Pointí urchair ina léirítear torthaí foghlama** | Is féidir leis nó léi an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>1)<br>2)<br>3)<br>… |

*Foinse:* Grúpa tionscadail EQF agus Europass maidir le tuairiscí gearra ar thorthaí foghlama cáilíochtaí.

# B – Gnéithe i ndáil le hábhar

## B1. Cuspóirí agus fócas foriomlán na cáilíochta i bhfoirm insinte

Ba cheart tús a chur leis an tuairisc le réamhrá gonta i bhfoirm insinte ina léirítear cuspóir agus fócas foriomlán na cáilíochta, agus eolas faoin gcomhthéacs san áireamh ann ([8]).

Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar a chumas don léitheoir an buneolas faoin gcáilíocht a thabhairt leis agus tuiscint a fháil ar ról agus suíomh na cáilíochta i margadh an tsaothair, i gcórais oideachais agus oiliúna agus/nó sa tsochaí i gcoitinne.

Tábla 2. **Cuspóir agus fócas foriomlán na cáilíochta**

| | |
|---|---|
| **Insint ina gcuirtear cuspóirí agus fócas foriomlán na cáilíochta i láthair.** | Bíonn sealbhóir na cáilíochta... |
| **Pointí urchair ina léirítear torthaí foghlama** | Is féidir leis nó léi an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>1)<br>2)<br>3)<br>… |

*Foinse:* Grúpa tionscadail EQF agus Europass maidir le tuairiscí gearra ar thorthaí foghlama cáilíochtaí.

Bosca 1. **Samplaí d'insintí lena dtugtar isteach cuspóirí agus fócas foriomlán cáilíochtaí**

**Sampla A**

Tá an t-eolas agus na scileanna ag sealbhóir na cáilíochta 'Cúntóir oifige' (EQF/NQF 4) chun cúraimí oifige, riaracháin agus eagraíochtúla a dhéanamh i ngnólachtaí i ngach earnáil agus in institiúidí eile (mar shampla, riarachán poiblí, eagraíochtaí, comhlachais, etc.) ar bhonn na dé-oiliúna 3 bliana a rinne sé sa ghnólacht oiliúna

([8]) Is minic a chuireann teideal na cáilíochta eolas tábhachtach ar fáil maidir le bunús agus fócas na cáilíochta, go háirithe má thagraíonn sé do chineál cáilíochta aitheanta (gairmoideachas nó gairmoiliúint tosaigh, baitsiléir nó máistir san ardoideachas) agus/nó má thagraíonn sé do chúram nó do ghairm ar leith. Ní hamhlaidh a bhíonn i gcónaí, agus dá bhrí sin is gá tuairisc bheacht ar an gcomhthéacs a thabhairt. Tá eolas faoin gcomhthéacs tábhachtach nuair a bhíonn tuairisc á tabhairt ar chuspóir agus fócas foriomlán na cáilíochta (B1) agus nuair a bhíonn na torthaí foghlama á bhforbairt i bhfoirm pointí urchair (B2).

agus sa ghairmscoil. Ag brath ar a bhfuil an cúram dírithe air, oibríonn an sealbhóir sa chúloifig, sa chuntasaíocht, san oifig pearsanra nó i réimsí ar nós an cheannaigh, an díolacháin nó na trádstórála.

**Sampla B**

Is féidir le sealbhóir na cáilíochta 'Gairmoiliúint tosaigh i dteicneolaíochtaí comhshaoil le haghaidh bainistiú fuíolluisce' (EQF/NQF 4) obair a dhéanamh a bhaineann le córais draenála, bainistiú uisce stoirme, agus cóireáil fuíolluisce agus sloda séarachais. Oibríonn sé nó sí i ngléasraí cóireála fuíolluisce, idir ghléasraí cathrach agus ghléasraí tionsclaíocha, agus i ngnólachtaí séarachais. Cinntíonn sé nó sí oibriú inbhuanaithe fuinneamhéifeachtúil na ngléasraí cóireála fuíolluisce cathrach agus tionsclaíocha. Tá sealbhóir na cáilíochta cáilithe chun gléasraí beaga cóireála fuíolluisce a bhainistiú.

**Sampla C**

Is féidir le sealbhóir na cáilíochta 'Gairmcháilíocht i ngruagaireacht agus cúram scéimhe' (EQF/NQF 4) seirbhís do chustaiméirí a sholáthar i dtimpeallachtaí cúraim scéimhe agus gruaige, sin agus seirbhísí agus táirgí na gnólachta a dhíol bunaithe ar eolas cuimsitheach ar tháirgí agus ar phróisis sláinte agus sábháilteachta. Tá inniúlacht bhunúsach choiteann ag sealbhóir na cáilíochta agus is féidir leis nó léi speisialtóireacht a roghnú i gcomhairle cúraim gruaige agus scéimhe, i gcúram craicinn, i ngruagaireacht nó i mbearbóireacht.

**Sampla D**

Is féidir le sealbhóir na cáilíochta 'Cuntasóir creidiúnaithe' (EQF/NQF 5) sonraí airgeadais eagraíochtaí seachtracha a chlárú agus a fhíorú. Is féidir leis nó léi comhairle a chur ar chliaint maidir le rialacháin dlí a bhaineann leis an gcuntasaíocht a chomhlíonadh, sin agus an t-eolas gnó is gá a sholáthar dóibh. Meastar go bhfuil sealbhóir na cáilíochta sin creidiúnaithe chun gairm an chuntasóra a chleachtadh mar dhuine féinfhostaithe. Sa Bheilg (i bhFlóndras), is cuntasóirí creidiúnaithe amháin a fhéadann an ghairm a chleachtadh.

**Sampla E**

Tá ról ríthábhachtach ag sealbhóir na cáilíochta 'Cúntóir máinliachta' (EQF/NQF 6) i gcúram máinliachta agus bíonn ar an duine sin dul i ngleic le neart oibríochtaí forchoimeádta, máinliacha agus rioscúla agus le forbairtí casta teicneolaíochta a thagann go tapa ceann i ndiaidh a chéile. Is féidir le sealbhóir na cáilíochta a bheith mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach ar a bhfuil máinlianna, ainéistéiseolaithe, cúntóirí ainéistéise agus cúntóirí oibriúcháin. Is féidir le sealbhóir na cáilíochta cúnamh a thabhairt don speisialtóir freastail lena chuid nó lena cuid gníomhaíochtaí. Comhordaíonn agus stiúrann sé nó sí an próiseas cúraim a bhaineann leis an othar le linn na tréimhse imobráide. Ina theannta sin, is féidir leis nó léi oibriú i gcomhar le seirbhísí tacaíochta na roinne máinliachta, mar shampla, an lár-roinn steiriliúcháin, na ranna altranais, an roinn raideolaíochta agus saotharlanna. Is féidir an cháilíocht a fháil mar chuid den oiliúint tosaigh i gcás ina mbíonn an foghlaimeoir fostaithe in institiúid cúraim sláinte chreidiúnaithe le linn an chúrsa.

*Foinse:* Grúpa tionscadail EQF agus Europass maidir le tuairiscí gearra ar thorthaí foghlama cáilíochtaí.

**Ceisteanna treoracha**

Is é cuspóir na gceisteanna thíos machnamh a éascú ar ghnéithe a d'fhéadfaí a thabhairt chun cinn nuair a bhíonn insintí á bhforbairt ina léirítear cuspóirí agus fócas foriomlán cáilíochtaí (B1). Ní hé an chuspóir atá leo gach ceist a fhreagairt go díreach ná go meicniúil.

(a) Cén úsáid is féidir a bhaint as an gcáilíocht i margadh an tsaothair, san oideachas agus san oiliúint agus/nó sa tsochaí i gcoitinne? Cad is féidir le sealbhóir na cáilíochta a dhéanamh leis an gcáilíocht?

- (i) An ndéanann an cháilíocht an sealbhóir a ullmhú le haghaidh cúraimí, feidhmeanna agus/nó gairmeacha sonracha?
- (ii) An dtugann an cháilíocht teidlíocht shonrach, mar shampla, trí chleachtais ghairme a cheadúnú? An dtugann an cháilíocht rochtain ar ghairm rialáilte? An dtugann an cháilíocht teideal don sealbhóir gníomhaíochtaí sonracha gnó nó fiontraíochta a thionscnamh?
- (iii) Mura bhfuil baint dhíreach ag an gcáilíocht le cúraimí, slite beatha ná gairmeacha sonracha, cad é cuspóir na cáilíochta i ndáil leis na nithe seo a leanas:
  - fostaíocht;
  - oideachas agus oiliúint tosaigh;
  - oideachas agus oiliúint leanúnach;
  - forbairt phearsanta;
- (iv) An dtugann an cháilíocht rochtain ar fhoghlaim bhreise shonrach? An bhfuil sé ábhartha bealaí dul chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann a lua?
- (v) An bhfuil ceanglais shonracha ann maidir le rochtain a fháil ar an gcáilíocht, ar ceanglais iad is fiú a lua chun ról agus suíomh na cáilíochta a shoiléiriú?

(b) Cén croí-eolas, cé na croíscileanna agus/nó cé na croí-inniúlachtaí ([9]) atá ag sealbhóir na cáilíochta seo?

([9]) Sa phlé ar chreataí Eorpacha um cháilíochtaí, bhí díospóireacht ann faoin téarma 'inniúlacht' mar gheall ar na léirmhínithe éagsúla atá air. Cé gur thángthas ar chomhdhearcadh go sách tapa maidir le 'scileanna' agus 'eolas' a shonrú le linn luathfhorbairt EQF, bhí sé níos dhúshlánaí an tríú réimse a shainiú. Tugadh 'inniúlacht' ar an tríú réimse den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí ar dtús, ach chuir an téarma sin teorainn ar raon feidhme na réimse a mhéid a bhaineann leis an gcoincheap 'freagracht agus neamhspleáchas'. Leis an athbhreithniú ar EQF in 2017, athraíodh ainm an tríú réimse go 'freagracht agus neamhspleáchas'. Ní dhearnadh athruithe substaintiúla ar na tuairisceoirí leibhéil. In anailís ar thuairisceoirí leibhéil NQF i ndáil leis an 'tríú réimse EQF' ('inniúlacht' mar a thugtaí air roimhe seo, 'freagracht agus neamhspleáchas' mar a thugtar air anois), taispeántar gur leathnaíodh cuid de na

(c) Cad é a bhfuil coinne leis maidir le sealbhóir na cáilíochta – mar shampla, a mhéid a bhaineann leis an gcumas atá aige oibriú go neamhspleách?
(d) Cad é a bhfuil coinne leis maidir le sealbhóir na cáilíochta – mar shampla, a mhéid a bhaineann le freagracht a ghlacadh as próisis agus as daoine eile a bhainistiú?

**Moltaí**
(a) Bíodh an insint gearr gonta. Ba cheart fad na hinsinte a bheith thart ar 1/4 den tuairisc iomlán.
(b) Seachain leagan inscne-shonrach amháin a úsáid.
(c) Úsáid an téarma 'sealbhóir na cáilíochta ...'; 'duine ag a bhfuil an cháilíocht sin' nó an teideal a fuair an duine nuair a baineadh amach an cháilíocht agus, nuair is gá, úsáid 'sé nó sí'.
(d) Luaigh an leibhéal EQF/NQF (nuair is infheidhme), agus cuir idir lúibíní é.
Sampla: 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta 'Cúntóir oifige' (EQF/NQF 4)...'.
(e) Féach chuige go ndéantar na torthaí foghlama a chuirtear i láthair sna pointí urchair a thabhairt isteach go cruinn san insint, rud a chinntíonn go mbeidh comhleanúnachas ann idir an insint agus na pointí urchair:
Seachain: neamhréireachtaí idir an insint agus na pointí urchair. mar shampla, leagtar béim ar ardleibhéal neamhspleáchais san insint, ach i liosta na dtorthaí foghlama ní dhéantar tagairt ach do bheith ag obair i gcomhar le daoine eile.
(f) De réir fhócas na cáilíochta, cuir eolas san áireamh faoi shuíomh agus ról na cáilíochta i margadh an tsaothair, i gcórais oideachais agus oiliúna agus/nó sa tsochaí i gcoitinne:
Samplaí d'eolas faoin gcomhthéacs a chuirtear san áireamh san insint chun ról na cáilíochta i margadh an tsaothair a léiriú:

tuairisceoirí leibhéil náisiúnta chun gnéithe níos fairsinge a chuimsiú, mar shampla, 'smaointeoireacht chriticiúil', 'cruthaitheacht', 'fiontraíocht', 'ag foghlaim conas foghlaim', 'comhar', etc., cé go léiríonn na tuairisceoirí leibhéil náisiúnta uile gnéithe atá ag teacht le freagracht agus neamhspleáchas de réir na moltaí a bhaineann le EQF. Cé go dtagraítear go sainráite do thuairisceoirí leibhéil EQF mar phríomhphointe tosaigh sna treoirlínte seo, d'fhonn a bheith chomh cuimsitheach agus is féidir i leith cleachtais náisiúnta agus ionas nach gcuirfí as an áireamh gnéithe a mheastar a bheith tábhachtach i dtíortha áirithe, úsáidtear an téarma 'inniúlacht' sna treoirlínte, agus béim á leagan san am céanna ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar neamhspleáchas agus ar fhreagracht nuair a bhíonn tuairisc á tabhairt ar thorthaí foghlama. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi thuairisceoirí leibhéil EQF agus NQF, féach: Cedefop (2018). *Anailís agus forbhreathnú ar thuairisceoirí leibhéil NQF i dtíortha Eorpacha*. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

(i) 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta 'Riarachán gnó' (EQF/NQF 5) a bheith ag oibriú i mbrainsí gnó agus riaracháin agus tá an duine sin cáilithe chun dul leis an bhfiontraíocht ar bhonn neamhspleách';
(ii) 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta 'Oibreoir seirbhísí cur chun cinn agus fáiltithe' (EQF/NQF 3) oibriú i soláthraithe lóistín, i ngníomhaireachtaí taistil agus i seirbhísí cúnaimh turasóireachta';
(iii) 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta 'Cearpantóireacht' (EQF/NQF 4) tógálacha adhmaid a fhoirgniú, a shuiteáil, a chothabháil agus a athshlánú le haghaidh cineálacha éagsúla foirgneamh. Is féidir leis an duine sin obair láimhe agus obair mheicniúil ar thógáil adhmaid a phleanáil agus a dhéanamh. San áireamh leis an méid sin tá ballaí inmheánacha agus seachtracha, síleálacha, díonta agus urláir';
(iv) 'Tá sealbhóir na cáilíochta seo creidiúnaithe chun gairm an chuntasóra a chleachtadh mar dhuine féinfhostaithe';
(v) 'Is réamhriachtanas í an cháilíocht chun gairm an tsíceolaí chliniciúil a chleachtadh sa tír';
(vi) 'Tugann an cháilíocht an deis cáilíochtaí scoile agus/nó inniúlachtaí gairmiúla a fháil, d'fhonn dul isteach i margadh an tsaothair (nó dul isteach ann arís), nó d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ann.'

Samplaí d'eolas faoin gcomhthéacs a chuirtear san áireamh san insint chun suíomh na cáilíochta a léiriú i gcórais oideachais agus oiliúna nó sa tsochaí i gcoitinne:

(i) 'Cuireann an cháilíocht bunús láidir i dtaighde bith-theicneolaíochta ar fáil agus is féidir leis an sealbhóir tabhairt faoi staidéar breise i réimsí speisialaithe ar nós innealtóireacht ghéiniteach agus taighde cógaisíochta';
(ii) 'Tá an cháilíocht ceaptha chun go mbeifear in ann tabhairt faoi fhoghlaim níos casta agus níos speisialaithe i réimse na suiteála leictrí nó na líonraí leictreacha';
(iii) 'Is gairmoiliúint tosaigh scoilbhunaithe í seo. Is féidir an cháilíocht iontrála ardoideachais a bhaint amach ar bhonn roghnach';
(iv) 'Tugann an cháilíocht rochtain ar chonair i dtreo an staidéir acadúil';
(v) 'Tugann an cháilíocht eolas agus inniúlachtaí ginearálta don sealbhóir le haghaidh fostaíocht i róil éagsúla a bhaineann le cúrsaí gnó. Cuireann sí deiseanna ar fáil le haghaidh forbairt phearsanta, mar aon le deiseanna chun leanúint den oideachas agus oiliúint i réimsí speisialaithe a bhaineann le bainistiú gnó nó le fiontraíocht';

(vi) 'Tugann an cháilíocht 'Deimhniú garchabhrach' eolas agus scileanna do dhaoine aonair chun cúnamh láithreach a sholáthar i gcásanna éigeandála leighis, rud a chuireann sábháilteacht na sealbhóirí chun cinn, chomh maith le sábháilteacht na ndaoine a mbíonn siad ina measc sa tsochaí'.

Tabhair do d'aire go bhféadfadh an tuairisc chéanna béim a leagan ar shuíomh na cáilíochta i leith gné amháin nó gach gné (margadh an tsaothair, an córas oideachais agus oiliúna, an tsochaí i gcoitinne, etc.).

(g) Roghnaigh an croí-eolas, na croíscileanna agus na croí-inniúlachtaí a sealbhaítear leis an gcáilíocht agus déan achoimre orthu. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach machnamh a dhéanamh ar bhéim na cáilíochta agus a dhéanamh amach an ar eolas teoiriciúil nó fíorasach atá sí leagtha, nó ar scileanna praiticiúla, anailíseacha nó idirdhisciplíneacha ([10]):
   (i) seachain ráitis ghinearálta: 'Tá príomhscileanna agus príomhinniúlachtaí gairmiúla aige nó aici ina réimse, chomh maith *le heolas ginearálta maith*';
   (ii) seachain aidiachtaí ginearálta a úsáid: 'Soláthraíonn sé nó sí *seirbhís mhaith* do chustaiméirí'. Féach Iarscríbhinn III;
   (iii) seo a leanas roinnt samplaí d'abairtí san insint tosaigh lenar féidir sealbhú scileanna sonracha agus teicniúla le haghaidh earnáil nó gairm shonrach a léiriú, mar aon le scileanna agus eolas níos ginearálta a bhfuil feidhm leo ar fud earnálacha éagsúla de mhargadh an tsaothair agus den tsochaí i gcoitinne, sin nó scileanna agus eolas a ullmhaíonn an duine le haghaidh tuilleadh foghlama:
      - 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta oibreacha a shuiteáil, a dheisiú agus a choimisiúnú go sábháilte i réadmhaoin agus in earnáil na tionsclaíochta. Cinntíonn sé nó sí go bhfuil an toradh deiridh sábháilte agus go gcomhlíontar na ceanglais a leagadh síos maidir leis an obair';

([10]) Is féidir coincheapa an eolais agus na scileanna a scaradh óna chéile ar bhealach éagsúil ó thír go tír. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, is iad seo a leanas príomhghnéithe na dtuairisceoirí leibhéil EQF: (1) eolas a dtugtar tuairisc air mar eolas fíorasach agus/nó teoiriciúil; (2) Scileanna a dtugtar tuairisc orthu mar scileanna cognaíocha agus praiticiúla; agus (3) freagracht agus neamhspleáchas. Sula ndearnadh athbhreithniú ar an tríú gné, 'inniúlacht' a thugtaí uirthi ach is i dtéarmaí freagrachta agus neamhspleáchais a tugadh tuairisc uirthi. Leis an athbhreithniú ar Mholadh EQF, athraíodh ainm an tríú réimse foghlama ó 'inniúlacht' go 'freagracht agus neamhspleáchas'. Foinse: Moladh EQF 2017.

- 'Tá raon buneolais ghinearálta ag an duine sin, uimhearthacht agus litearthacht san áireamh, agus tá na hinniúlachtaí sibhialta cuí aige nó aici chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa phobal';
- 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta dea-fheidhmiú córas TF a chinntiú. Is féidir leis nó léi na córais sin a fhorbairt, a oiriúnú agus/nó a chothabháil agus cúram a dhéanamh d'úsáideoirí';
- 'Is féidir leis nó léi tógálacha adhmaid a fhoirgniú, a shuiteáil, a atógáil, a chothabháil agus a athshlánú le haghaidh cineálacha éagsúla foirgneamh';
- 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta grinnanailís a dhéanamh ar thaighde atá ann cheana agus fiosrúcháin taighde a fhoirmliú chun dul chun cinn a dhéanamh i dtaighde bithéagsúlachta';

(h) Léirigh leibhéal foriomlán na freagrachta agus an neamhspleáchais. Is féidir é seo a dhéanamh freisin trí cháilitheoirí (aidiachtaí agus dobhriathra) a úsáid agus/nó briathra agus cuspóirí a roghnú go cúramach. Samplaí:

(i) 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta 'Oibreoir seirbhísí cur chun cinn agus fáiltithe' (EQF/NQF 3) oibriú i soláthraithe lóistín, i ngníomhaireachtaí taistil agus i seirbhísí cúnaimh turasóireachta. Feidhmíonn sé nó sí ar leibhéal feidhmiúcháin, agus freagracht agus neamhspleáchas teoranta aige nó aici nuair a bhíonn sé nó sí i mbun seirbhísí fáiltithe a sholáthar agus na próisis forordaithe a bhaineann leis na hoibríochtaí sonracha a leanúint';

(ii) 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta, i gcomhthéacs oibreacha tógála a bhfuil castacht theoranta ag baint leo, gníomhaíochtaí na foirne feidhmiúcháin ar an láithreán tógála a chomhordú, a stiúradh agus a choigeartú';

(iii) 'Tá sealbhóir na cáilíochta cáilithe chun gléasraí beaga cóireála fuíolluisce a bhainistiú';

(iv) 'Tá coinne leis go n-oibreoidh an duine sin i bhfoirne ildisciplíneacha agus go nglacfaidh sé nó sí freagracht as próisis atá intuartha agus cobhsaí den chuid is mó, ach atá faoi réir athruithe a bhféadfadh solúbthacht a bheith ag teastáil ina leith'.

(i) Cuimhnigh nach gá go mbeadh cur amach ag léitheoir na tuairisce ar an gcomhthéacs náisiúnta. Bí ar d'airdeall faoi théarmaí a úsáid a bhaineann le tír faoi leith ar fhaitíos nach dtuigfí iad taobh amuigh den chomhthéacs náisiúnta, nó má úsáidtear téarmaí den sórt sin bíodh míniú ag gabháil leo:

(i) seachain: 'Tar éis dóibh scrúdú gairmoideachais *matura* a dhéanamh, féadfaidh mic léinn dul isteach i gcúrsa *Matura*/gairme agus pas a fháil

i gceann de na scrúduithe ginearálta *matura* chun clárú le haghaidh cláir staidéir san ardoideachas agus san ard-sainoideachas araon';

(ii) rud ba cheart a scríobh: 'Tugann an cháilíocht rochtain ar chláir ardstaidéir ghairme agus ghairmiúla agus ar scrúduithe ginearálta *matura* atá riachtanach chun clárú i gcláir staidéir ollscoile';

(iii) rud nár cheart a scríobh: 'Rinne struchtúr na gairmcháilíochta san innealtóireacht leictreach agus sa teicneolaíocht uathoibrithe a phleanáil ar bhealach a fhágann go bhfuil an t-oideachas a fhaigheann leictreoirí oiriúnach do cháilíocht 2 dá dtagraítear sa reachtaíocht maidir le sábháilteacht leictreach agus go bhfuil an t-oideachas a fhaigheann cóimeálaithe uathoibrithe oiriúnach do cháilíocht leictreach 3.' rud ba cheart a scríobh: a chur in iúl go dtugann an cháilíocht rochtain ar an gcéad leibhéal foghlama eile (cáilíochtaí leictreacha 2 agus 3) agus/nó béim a leagan ar chomhlíonadh na rialachán maidir le gairm an leictreora.

**Tosca agus leideanna breise**

(a) Más cuidiú é chun tuiscint níos fearr a fháil ar chuspóir agus fócas na cáilíochta, tabhair eolas faoi choinníollacha iontrála agus ceanglais bhreise, teidlíochtaí (mar shampla, rochtain ar cháilíochtaí rialáilte) agus/nó an tslí inar féidir an cháilíocht a fháil. Samplaí:

(i) Is féidir le sealbhóir na cáilíochta 'Teicneoir leictreach' (EQF/NQF 4) [...] cónaithe a shuiteáil, a shreangú, a nascadh agus a chur i mbun oibríochta. Chun cúraimí áirithe a dhéanamh agus/nó i gcomhthéacsanna áirithe, is coinníoll riachtanach nó inmhianaithe é deimhnithe breise a bheith ag an duine sin';

(ii) 'Is féidir an cháilíocht a fháil mar chuid den oiliúint tosaigh i gcás ina bhfuil an foghlaimeoir fostaithe in institiúid cúraim sláinte chreidiúnaithe le linn an chúrsa';

(iii) 'Is féidir an cháilíocht a fháil ar bhonn dé-oiliúint trí bliana a dhéanamh sa ghnólacht oiliúna agus sa ghairmscoil'.

(b) Más infheidhme agus más ábhartha, tabhair soiléiriú maidir le foghlaim speisialaithe a d'fhéadfadh a bheith faighte ag an sealbhóir toisc speisialtóireachtaí nó aonaid/modúil roghnacha a bheith ann. Sampla:

(i) 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta scileanna níos speisialaithe a fháil i gcomhairle cúraim gruaige agus scéimhe, i gcúram craicinn, i ngruagaireacht nó i mbearbóireacht, ag brath ar an réimse inniúlachta a roghnaítear. Is féidir inniúlacht an tsealbhóra a leathnú a thuilleadh a bhuí le haonaid roghnacha i ngach réimse'.

## B2 – Torthaí foghlama i bpointí urchair

Tar éis an ráitis tosaigh maidir le cuspóirí agus fócas foriomlán na gcáilíochtaí, ba cheart liosta de phointí urchair a bheith sa tuairisc ina leagtar amach na príomhthorthaí foghlama.

Tábla 3. **Torthaí foghlama i bpointí urchair**

| | |
|---|---|
| **Insint ina gcuirtear cuspóirí agus fócas foriomlán na cáilíochta i láthair.** | Bíonn sealbhóir na cáilíochta... |
| **Pointí urchair ina léirítear torthaí foghlama** | Is féidir leis nó léi an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>1)<br>2)<br>3)<br>... |

*Foinse:* Grúpa tionscadail EQF agus Europass maidir le tuairiscí gearra ar thorthaí foghlama cáilíochtaí

Sna príomhthorthaí foghlama a liostaítear ina bpointí urchair, ba cheart aghaidh a thabhairt ar thrí phríomhghné agus iad a chur i dtábhacht.
B.2.1. Fairsinge/raon feidhme na foghlama a fuarthas.
B.2.2. Doimhneacht/castacht na foghlama a fuarthas.
B.2.3. Comhthéacs.

Tugtar aghaidh ar an bhfairsinge/raon feidhme, ar an doimhneacht/castacht agus ar an gcomhthéacs ar leithligh sna treoirlínte chun a n-ábharthacht a chur i dtábhacht, ach níor cheart déileáil leo ar leithligh ná na catagóirí sin a chur i bhfeidhm go docht nuair a bhíonn na tuairiscí gearra á bhforbairt. D'fhéadfadh forluí a bheith eatarthu agus ba cheart na catagóirí sin a bheith ag idirghníomhú agus ag tacú le chéile sna tuairiscí.

Sna treoirlínte seo, anuas ar mhíniú a thabhairt ar na gnéithe i ndáil le hábhair nach mór aghaidh a thabhairt orthu sna pointí urchair, cuirtear struchtúr comhréireach ar fáil chun na pointí urchair ina léirítear na torthaí foghlama a chur in iúl (féach Tábla 3).

Bosca 2. **Sainmhínithe ar na príomhchoincheapa**

Is éard atá i gceist le **fairsinge/raon feidhme na foghlama** *raon feidhme* na foghlama a fuarthas leis an gcáilíocht a shoiléiriú, agus dá bhrí sin, léiriú a thabhairt ar theorainneacha na dtorthaí foghlama a baineadh amach. Déantar cur síos ar na cineálacha eolais a sealbhaíodh agus tugtar tuairisc ar na scileanna agus inniúlachtaí

a bhfuil máistreacht ag sealbhóir na cáilíochta orthu. Na réimsí foghlama (ar a dtugtar gné chothrománach na gcreataí um cháilíochtaí freisin) a leagtar amach i dtuairisceoirí leibhéil EQF/NQF, is túsphointe iad chun machnamh a dhéanamh ar fhairsinge na foghlama ([11]). Féach freisin Iarscríbhinn IV.

**Sampla:** Is féidir le sealbhóir na cáilíochta tionscnaimh um beartas oideachais Bhallstáit an Aontais a chur i gcomparáid le chéile agus meastóireacht a dhéanamh orthu chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht fhianaise-bhunaithe.

**Sampla:** Is féidir le sealbhóir na cáilíochta an teicníc athchóirithe is nuálaí a roghnú agus a chur i bhfeidhm chun struchtúir stairiúla a chaomhnú agus a chosaint.

**Sampla:** Is féidir le sealbhóir na cáilíochta tógálacha adhmaid a shuiteáil agus a dheisiú le haghaidh foirgnimh chónaithe agus thionsclaíocha éagsúla.

**Nóta tráchta:** trí na briathra/frásaí briathartha (‘a chur i gcomparáid le chéile agus meastóireacht a dhéanamh orthu’; ‘a roghnú agus a chur i bhfeidhm’; ‘a shuiteáil agus a dheisiú’) agus an cuspóir (‘tionscnaimh um beartas oideachais Bhallstáit an Aontais’; ‘an teicníc athchóirithe is nuálaí’; ‘tógálacha adhmaid’) a roghnú go cúramach agus trí eolas faoin gcomhthéacs a chur isteach (‘chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht fhianaise-bhunaithe’; ‘chun struchtúir stairiúla a chaomhnú agus a chosaint’; ‘le haghaidh foirgnimh chónaithe agus thionsclaíocha éagsúla); is féidir an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht a fuair sealbhóir na cáilíochta – is é sin fairsinge/raon feidhme na foghlama – a chur i dtábhacht (eolas ar thionscnaimh um beartas oideachais, teicnící chun comparáid trastíre agus meastóireacht ar bheartais a dhéanamh, struchtúir stairiúla a athchóiriú; scileanna praiticiúla a bhaineann le suiteáil agus deisiú, etc.).

Baineann **doimhneacht/castacht na foghlama** le soiléiriú a thabhairt faoi chastacht agus sofaisticiúlacht na foghlama a fuarthas. Laistigh den réimse foghlama céanna (mar shampla, eolas teoiriciúil nó scileanna praiticiúla) is féidir leibhéil éagsúla saineolais agus inniúlachta a bhaint amach. Is túsphointe iad na tuairisceoirí leibhéil

([11]) Is iad na trí réimse foghlama sa chreat Eorpach um cháilíochtaí (1) Eolas: a dtugtar tuairisc air mar eolas fíorasach agus/nó teoiriciúil; (2) Scileanna: a dtugtar tuairisc orthu mar scileanna cognaíocha (a bhaineann le húsáid na smaointeoireachta loighciúla, iomasaí agus chruthaithí) agus scileanna praiticiúla (a bhaineann le deaslámhacht agus le húsáid modhanna, ábhar, uirlisí agus ionstraimí); (3) Freagracht agus neamhspleáchas: a dtugtar tuairisc orthu mar chumas an fhoghlaimeora eolas agus scileanna a chur i bhfeidhm go neamhspleách agus le freagracht. Tugtar gné ingearach EQF air seo freisin.

EQF/NQF le haghaidh gach leibhéil (ar a dtugtar gné ingearach na gcreataí um cháilíochtaí freisin) chun doimhneacht agus castacht na foghlama a shainiú ([12]).

**Sampla:** is féidir le sealbhóir na cáilíochta na huirlisí taighde is oiriúnaí a roghnú agus a chur i bhfeidhm go neamhspleách chun fianaise eimpíreach a bhailiú i réimse na bitheolaíochta muirí.

**Sampla:** is féidir le sealbhóir na cáilíochta fianaise eimpíreach a bhailiú faoi mhaoirseacht agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le staidéir atá ar bun i réimse na bitheolaíochta muirí.

**Nóta tráchta:** trí na briathra/frásaí briathartha (‘a roghnú agus a chur i bhfeidhm’; ‘a bhailiú’) agus an cuspóir (‘uirlisí taighde’; ‘fianaise eimpíreach’) a roghnú go cúramach, trí úsáid a bhaint as cáilitheoir (‘go huathrialach’) agus trí eolas faoin gcomhthéacs a chur isteach (‘chun fianaise [...] a bhailiú’ nó ‘rannchuidiú le staidéir [...] i réimse na bitheolaíochta muirí’), is féidir leibhéal castachta na foghlama a fuarthas a chur i dtábhacht.

**Faisnéis faoin gcomhthéacs:** nuair a bhíonn na habairtí faoi na torthaí foghlama sonracha á scríobh (i bhfoirm pointí urchair), úsáidtear eolas faoin gcomhthéacs chun na torthaí foghlama a fuair sealbhóir na cáilíochta a shonrú a thuilleadh. Sa bhreis ar na briathra agus cuspóirí lena ndéantar abairtí bunúsacha a chur le chéile, tugann eolas breise faoin gcomhthéacs tuilleadh sonraí, maidir le cásanna, modhanna agus coinníollacha, cuir i gcás: ní leor briathra agus cuspóirí astu féin chun fairsinge agus doimhneacht na dtorthaí foghlama a chur in iúl. Chun tacú leis an bpróiseas sin, tugtar moltaí sna treoirlínte seo freisin maidir le struchtúr comhréireach na n-abairtí a léiríonn torthaí foghlama (féach tábla 3). An tráth céanna, bíonn eolas faoin gcomhthéacs ina chuidiú chun ról agus suíomh na cáilíochta i margadh an tsaothair, san oideachas, san oiliúint agus sa tsochaí i gcoitinne a shoiléiriú. Ba cheart an ghné dheireanach sin a bheith ag teacht chun cinn cheana san insint ina gcuirtear i láthair cuspóirí agus fócas foriomlán na cáilíochta (B1).

Sna samplaí thuas sa bhosca léiritheach seo, i roinn B1 agus sa chuid eile den roinn seo, tugtar samplaí maidir leis an mbealach chun aghaidh a thabhairt ar chomhthéacs in abairtí na dtorthaí foghlama, abairtí a léirítear mar phointí urchair.

### Ceisteanna treoracha

Is é cuspóir na gceisteanna thíos machnamh a éascú ar ghnéithe a d’fhéadfaí a thabhairt chun cinn nuair atá pointí urchair á bhforbairt ina léirítear torthaí foghlama (B.2). Ní hé an chuspóir atá leo gach ceist a fhreagairt go díreach ná go meicniúil.

(a) Cad é a mheastar a bheith ar eolas ag sealbhóir na cáilíochta agus cén leibhéal inniúlachta a mheastar a bheith aige nó aici?

  (i) Buneolas ginearálta?

  (ii) Eolas teicniúil agus speisialaithe?

---

([12]) Tá ocht leibhéal sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí a dtugtar tuairisc orthu i dtéarmaí torthaí foghlama. Méadaíonn an leibhéal de réir an leibhéil inniúlachta. Is é leibhéal 1 an ceann is ísle agus is é leibhéal 8 an ceann is airde. Tugtar gné ingearach EQF air seo freisin.

(b) Cad é a mheastar go bhfuil sealbhóir na cáilíochta in ann a dhéanamh agus cén leibhéal inniúlachta a mheastar a bheith aige nó aici?
   (i) Scileanna praiticiúla?
   (ii) Scileanna anailíseacha?
   (iii) Scileanna bunúsacha nó ardscileanna?

(c) Cad é a bhfuil coinne leis ó shealbhóir na cáilíochta i dtéarmaí scileanna agus inniúlachtaí idirdhisciplíneacha atá níos leithne ach fós ábhartha?
   (i) Scileanna agus inniúlachtaí féinbhainistíochta (mar shampla, bainistiú ama, a bheith ag foghlaim conas foghlaim)?
   (ii) Scileanna agus inniúlachtaí cumarsáide (cuir i láthair ó bhéal agus i scríbhinn, etc.)?
   (iii) Scileanna agus inniúlachtaí sóisialta (obair foirne, bainistiú daoine eile etc.)?
   (iv) Cineálacha eile scileanna agus inniúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhfuil ábharthacht dhíreach acu maidir leis an gcáilíocht agus lena réimse feidhme?

(d) Cad é a bhfuil coinne leis ó shealbhóir na cáilíochta, mar shampla, a mhéid a bhaineann leis an gcumas oibriú go neamhspleách agus freagracht a ghlacadh?

**Moltaí**

(a) Béim a chur ar thorthaí foghlama riachtanacha a chuireann fócas, ábhar agus castacht fhoriomlán na cáilíochta in iúl agus tosaíocht a thabhairt do na torthaí foghlama sin.

(b) Ba cheart sealbhóir na cáilíochta a bheith i lár an aonaigh i gcónaí.

(c) Briathra gníomhaíochta agus cuspóirí na n-abairtí a roghnú go cúramach agus eolas faoin gcomhthéacs a thabhairt (B.2.3), is gnéithe tábhachtacha iad sin chun aghaidh a thabhairt ar fhairsinge (B.2.1) agus ar dhoimhneacht (B.2.2).

(d) Is féidir le comhréir na habairte agus an chaoi a n-eagraítear an t-ábhar a bheith ina dtacaíocht freisin maidir le sothuigtheacht. Moltar an struchtúr seo a leanas a úsáid: briathar – ainmní – cuspóir – comhthéacs ([13]).

([13]) Cé nach 'catagóir ghramadaí' (ar nós briathra nó ainmfhocal) í an chatagóir 'comhthéacs' i dTábla 4, sna treoirlínte, agus in Lámhleabhar Cedefop maidir le torthaí foghlama, moltar comhthéacs a mheas mar chuid de chomhréir na habairte ar mhaithe lena chinntiú go gcuimseofar eolas faoin ngné sin.

Tábla 4. **Comhréir na n-abairtí (pointí urchair) ina léirítear torthaí foghlama**

| Ábhar | Briathar | Cuspóir an bhriathair | Comhthéacs |
|---|---|---|---|
| | Is féidir dobhriathra agus aidiachtaí a chur isteach nuair a mheastar gurb ábhartha iad, ach ní mór iad a úsáid go cúramach | | |
| Féadann sealbhóir na cáilíochta... | torthaí na hanailíse riosca | a chur i láthair i scríbhinn, | rud a ligeann do dhaoine eile an próiseas a leanúint agus na torthaí a mhacasamhlú. |
| Féadann sé nó sí... | idirdhealú a dhéanamh | idir na héifeachtaí comhshaoil | a bhíonn ag gáis fuaraithe a úsáidtear i gcórais chuisniúcháin. |
| Féadann sealbhóir na cáilíochta... | gníomhaíochtaí na foirne feidhmiúcháin | a chomhordú | ar láithreáin tógála a bhfuil castacht theoranta ag baint leo. |
| Féadann sé nó sí... | réamh-mheastacháin airgeadais ardleibhéil | a dhéanamh | trí úsáid a bhaint as uirlisí pleanála gnó chun tacú le pleanáil airgeadais agus gnó. |

*Foinse:* Grúpa tionscadail EQF agus Europass maidir le tuairiscí gearra ar thorthaí foghlama cáilíochtaí, agus oiriúnú ó Cedefop (2022). Torthaí foghlama a shainiú, a scríobh agus a chur i bhfeidhm: lámhleabhar Eorpach – an dara heagrán. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

(e) Roghnaigh briathra agus cuspóirí go cúramach le haghaidh gach abairte, agus deimhin á dhéanamh de go dtacaíonn siad le tuiscint ar fhairsinge/raon feidhme na foghlama (B.2.1), doimhneacht/castacht na foghlama (B.2.2) agus an comhthéacs (B.2.3). Féach Iarscríbhinn II.

Samplaí de bhriathra a thugann leideanna maidir le fairsinge/raon feidhme (B.2.1) na foghlama a fuarthas:

(i) d'fhéadfadh sealbhú scileanna praiticiúla a bheith i gceist leis an mbriathar 'suiteáil', agus d'fhéadfadh scileanna anailíseacha a bheith i gceist le 'taighde a dhéanamh';

(ii) tabhair do d'aire go bhféadfadh scileanna praiticiúla agus anailíseacha a bheith ar an leibhéal céanna castachta, agus sa chás sin tugann brí na mbriathra léiriú ar fhairsinge/raon feidhme na foghlama. D'fhéadfadh an dá bhriathar a bheith mar chuid den cháilíocht chéanna freisin.

Samplaí de chuspóirí éagsúla a thugann leideanna faoi fhairsinge/raon feidhme (B.2.1) na foghlama a fuarthas:

(i) Tá 'Is féidir leis nó léi tionscnaimh bheartais a chur i gcomparáid...' éagsúil le 'Is féidir leis nó léi ioncaim bhuiséid a chur i gcomparáid...' agus le 'Is féidir leis nó léi teicneolaíochtaí tógála a chur i gcomparáid...';

(ii) tabhair do d'aire go bhféadfadh na torthaí foghlama sin a bheith ar an leibhéal céanna castachta.

Samplaí de bhriathra/frásaí briathartha a thugann leideanna faoi dhoimhneacht/castacht (B.2.2) na foghlama a fuarthas:

(i) le struchtúir ar nós '[...] a fheabhsú agus meastóireacht a dhéanamh air', '[...] a stiúradh', '[...] a anailísiú agus a bharrfheabhsú', is féidir castacht níos airde a léiriú ná 'cúnamh a thabhairt do [...]', '[...] a dhéanamh arís', '[...] a fhorghníomhú', '[...] a sheiceáil'.

Samplaí de chuspóirí éagsúla á n-úsáid leis an mbriathar céanna, rud a dhéanann difear don tuiscint ar dhoimhneacht/castacht (B.2.2) na foghlama a fuarthas; is léiriú é sin ar an tábhacht a bhaineann le cuspóir na habairte agus na foghlama a roghnú go cúramach.

(i) Tá 'is féidir leis nó léi anailís a dhéanamh ar aiseolas ó chustaiméirí a bhailítear trí shuirbhéanna struchtúrtha réamhshainithe ar líne' éagsúil le 'is féidir leis nó léi anailís a dhéanamh ar sheichimh ghéiniteacha chun cóireálacha leighis a chur in oiriúint'; Tá 'is féidir leis nó léi achoimrí simplí a dhréachtú' éagsúil le 'is féidir leis nó léi togra taighde cuimsitheach a dhréachtú'.

Samplaí de bhriathra/frásaí briathartha a thugann leideanna faoin gcomhthéacs (B.2.3) maidir le cur i bhfeidhm na foghlama agus/nó an méid is féidir leis na sealbhóirí a dhéanamh leis na cáilíochtaí a fuarthas:

(i) d'fhéadfadh úsáid struchtúr ar nós '[...] a chóimeáil', '[...] a chur i dtoll a chéile' agus '[...] a thógáil' a léiriú gurb é an príomhrud a n-ullmhaíonn an cháilíocht an sealbhóir lena aghaidh post a bhíonn ag brath ar scileanna praiticiúla;

(ii) d'fhéadfadh úsáid struchtúr ar nós '[...] a anailísiú', 'tuairisc a thabhairt ar [...]' agus '[...] a dhréachtú' a léiriú gurb é an príomhrud a n-ullmhaíonn an cháilíocht an sealbhóir lena aghaidh post a bhaineann le scileanna anailíseacha nó foghlaim bhreise (nó go bhfuil siad i measc na rudaí a n-ullmhaíonn an cháilíocht an sealbhóir lena n-aghaidh).

Samplaí de chuspóirí a thugann leideanna faoin gcomhthéacs maidir le cur i bhfeidhm na foghlama agus an méid is féidir leis an sealbhóir a dhéanamh leis an gcáilíocht:

(i) le 'is féidir leis an sealbhóir anailís a dhéanamh ar chásanna dlí....', tugtar leid go bhfuil na torthaí foghlama ábhartha maidir le timpeallacht dlí;

(ii) le 'is féidir leis an sealbhóir turgnamh saotharlainne a dhéanamh....', tugtar leid go bhfuil na torthaí foghlama ábhartha maidir le timpeallacht saotharlainne.

(f) Tabhair isteach eolas faoin gcomhthéacs (mar shampla, dálaí, cásanna, modhanna, aidhmeanna) chun feabhas a chur ar an tuiscint ar fhairsinge/raon feidhme (B.2.1) agus doimhneacht/castacht (B.2.2) na foghlama agus ar an áit inar féidir na torthaí foghlama a fuarthas a chur i bhfeidhm. Samplaí:
   (i) 'Is féidir leis nó léi anailís a dhéanamh ar chásanna dlí chun impleachtaí dlíthiúla a mheasúnú agus moltaí feasacha a chur ar fáil do chliaint';
   (ii) 'Is féidir leis nó léi anailís a dhéanamh ar chásanna dlí agus teoiricí dlíthiúla a scrúdú chun rannchuidiú le hailt scolártha a fhoilsiú';
   (iii) 'Is féidir leis nó léi turgnaimh shaotharlainne a dhéanamh chun imoibrithe agus prionsabail bhunúsacha cheimiceacha a thaispeáint do dhaltaí óga';
   (iv) 'Is féidir leis nó léi turgnaimh shaotharlainne a dhéanamh chun éifeachtacht drugaí cógaisíochta a mheasúnú';
   (v) 'Is féidir leis nó léi comhrá a dhéanamh i mBéarla, mar úsáideoir neamhspleách, in oifigí turasóireachta agus i gcóiríocht óstáin';
   (vi) 'Is féidir leis nó léi córais ríomhairithe agus bogearraí a úsáid le haghaidh cuir i láthair ghrafacha shimplí atá déthoiseach nó tríthoiseach';
   (vii) 'Is féidir leis nó léi struchtúr agus páirteanna foirgneamh a threisiú de réir treoirlínte náisiúnta maidir le cumhdach, ancaireacht agus spladhsáil'.

(g) Má bhaineann tú úsáid as cáilitheoirí (mar shampla, dobhriathra agus aidiachtaí**)**, déan deimhin de go gcuireann siad le cruinneas níos fearr. Seachain aidiachtaí doiléire/ginearálta dá bhrí sin. Féach Iarscríbhinn IV. Samplaí de cháilitheoirí lenar féidir doimhneacht/castacht na foghlama a shoiléiriú:
   (i) is féidir leis an sealbhóir 'ríomhchláir shimplí a fhorbairt le haghaidh próiseáil agus léirshamhlú sonraí';
   (ii) is féidir leis an sealbhóir 'ábhair agus uirlisí a shainaithint go neamhspleách chun díonta uiscedhíonacha a chruthú';
   (iii) is féidir leis an sealbhóir 'gnáthchúraimí a dhéanamh faoi threoir, obráidí máinliachta san áireamh'.

(h) Cuir eolas agus scileanna i láthair ar bhealach idirnasctha comhtháite agus cuir isteach scileanna idirdhisciplíneacha nuair is ábhartha:
   (i) seachain: eolas agus scileanna a roinnt ina liostaí éagsúla, sin agus gnéithe i ndáil le fairsinge agus doimhneacht a liostú ar leithligh;
   (ii) déan machnamh ar cé acu is féidir nó nach féidir eolas agus scileanna a chur i láthair i dteannta a chéile nó cé acu is féidir nó nach féidir

glacadh leis go bhfuil nasc eatarthu nó an dtugtar an nasc sin le tuiscint. Samplaí:

- is féidir leis nó léi 'suiteáil leictreach a chur i gcrích de réir na rialachán atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le sláinte agus sábháilteacht';
- is féidir leis nó léi 'algartaim a dhearadh agus a chur chun feidhme chun anailís a dhéanamh ar threochtaí an mhargaidh airgeadais';
- is féidir leis nó léi 'cóireálacha scéimhe a dhéanamh agus comhairle a thabhairt do chustaiméirí maidir le féinchúram craicinn agus úsáid táirgí'.

(i) Déan machnamh ar chuspóirí agus fócas na cáilíochta chun cothromaíocht a bhaint amach, idir buneolas (mar shampla, bunmhatamaitic, eolaíocht, teangacha); ardeolas; ardscileanna speisialaithe agus teicniúla (mar shampla, scileanna a bhaineann le cúram nó le feidhm); agus scileanna agus inniúlachtaí idirdhisciplíneacha (mar shampla, réiteach fadhbanna, ag foghlaim conas foghlaim, agus cumarsáid). Leis an tslí a ndéantar tuairiscí a chur le chéile, tugtar léargas ar ábharthacht an eolais, na scileanna agus na hinniúlachta a fuarthas maidir le gairm nó earnáil shonrach amháin, earnálacha trasghairmiúla, nó an tsochaí i gcoitinne, cuir i gcás; sin nó tugtar le tuiscint go bhfeidhmíonn na rudaí sin go príomha mar áiseanna foráis le haghaidh foghlaim bhreise. Samplaí:

  (i) is féidir leis nó léi 'cruthanna agus fíoracha geoiméadracha a ainmniú...'

  (ii) is féidir leis nó léi 'paraiméadair fhisiceacha gléasraí leictreacha agus trealaimh leictrigh a thomhas agus a anailísiú chun earráidí a shainaithint agus bearta a thionscnamh';

  (iii) is féidir leis nó léi 'cumarsáid ghairmiúil a dhéanamh le comhghleacaithe, cliaint agus cuairteoirí i bpearsa, ar an bhfón nó trí chomhfhreagras i scríbhinn..';

  (iv) is féidir leis nó léi 'bunghnéithe eacnamaíocht na hinnealtóireachta agus cúrsaí cosanta comhshaoil a chomhtháthú i bpleanáil struchtúr tógála';

  (v) is féidir leis nó léi 'na príomhluachanna paraiméadair le haghaidh phróiseáil agus úsáid an phróisis múnlaithe trí instealladh, na príomhluachanna sin a shainaithint go neamhspleách';

  (vi) is féidir leis nó léi 'bláthanna gearrtha, duilliúr agus plandaí pota éagsúla a roghnú, a ullmhú agus a úsáid chun cóirithe bláthanna agus maisiúcháin a dhéanamh';

(vii) is féidir leis nó léi 'tionscadail chríche um an daonlathas agus rialachas áitiúil a fhorbairt, a scríobh agus meastóireacht a dhéanamh orthu';

(viii) is féidir leis nó léi 'gníomhaíochtaí ealaíonta tarraingteacha a eagrú atá saincheaptha do riachtanais leanaí i gcomhthéacsanna éagsúla, timpeallacht ospidéil ina measc'.

(j) Cuir an leibhéal freagrachta agus neamhspleáchais in iúl, leibhéal a bhfuil coinne leis nuair a bhíonn sealbhóir na cáilíochta i mbun a chuid nó a cuid oibre féin nó i mbun maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine eile. Samplaí:

(i) is féidir leis nó léi 'próisis agus tionscadail oideachais a dhearadh, a chomhordú agus a stiúradh go neamhspleách nó i gcomhar le comhghleacaithe agus le foirne';

(ii) is féidir leis nó léi 'treoracha teicniúla a thabhairt d'oibrithe agus d'fhochonraitheoirí, mar aon le cur i gcrích na n-oibreacha tógála a sheiceáil ó thaobh cáilíochta agus chomhlíonadh na rialachán de';

(iii) is féidir leis nó léi 'an próiseas oibre agus gnó a phleanáil agus faireachán a dhéanamh air...';

(iv) is féidir leis nó léi 'cúnamh a thabhairt do cheannaire an tionscadail sna hoibríochtaí...';

(v) is féidir leis nó léi 'pleananna cur chun feidhme a fhorbairt go neamhspleách le haghaidh struchtúir a fhoirgniú agus, más gá, iad a choigeartú le linn thabhairt i gcrích an tionscadail foirgníochta';

(vi) is féidir leis nó léi 'toisí na n-eilimintí tógála a chinneadh go neamhspleách, ach gan iad a nascadh ina struchtúir iomlána (ina bhfoirgnimh), agus dá bhrí sin ní féidir leis nó léi foirgnimh iomlána a phleanáil go fóill';

(vii) is féidir leis nó léi 'tascanna simplí sonracha a dhéanamh go neamhspleách agus go cruthaitheach i réimse na hinnealtóireachta sibhialta agus cúraimí níos casta a dhéanamh laistigh de ghrúpa'.

(k) Roghnaigh briathra gníomhaíochta go cúramach agus seachain briathra doiléire. Féach Iarscríbhinn II.

(l) Úsáid an fhaí ghníomhach seachas an fhaí chéasta agus bíodh na habairtí struchtúraithe ar bhonn an bhriathair. Samplaí:

(i) rud nár cheart a scríobh: 'Is féidir measúnú a dhéanamh ar shláinte mhatáin an othair...';

(ii) rud ba cheart a scríobh: 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta measúnú a dhéanamh ar shláinte mhatáin an othair chun cóireálacha pearsantaithe a sholáthar ar mhaithe le pian a mhaolú agus lúth a fheabhsú'.

(m) Seachain ainmneacha briathartha nó ainmfhocail a úsáid in ionad briathra.

(i) rud nár cheart a scríobh: 'Comhoibriú i ndearadh agus i gcruthú na samhla...';
(ii) rud ba cheart a scríobh: 'Comhoibríonn sé nó sí i ndearadh...';
(iii) rud nár cheart a scríobh: 'Tá inniúlacht léirithe aige nó aici maidir le tógálacha adhmaid a fhoirgniú, a shuiteáil, a chothabháil agus a athshlánú le haghaidh cineálacha éagsúla foirgneamh';
(iv) rud ba cheart a scríobh: 'Is féidir leis nó léi tógálacha adhmaid a fhoirgniú, a shuiteáil, a chothabháil agus a athshlánú...'.

(n) Seachain an t-athrá agus struchtúir abairtí atá casta.
(o) Léirigh doimhneacht agus castacht na foghlama i gcomhréir le tuairisceoirí EQF/NQF ach bí cinnte torthaí foghlama sonracha agus mionsonraithe a shainiú atá oiriúnach don cháilíocht shonrach ([14]).

**Tosca agus leideanna breise**

(a) D'fhéadfaí níos mó ná briathar amháin a bheith i ngach abairt, ach b'fhearr tagairt a dhéanamh don chuspóir/ainmfhocal céanna agus seicheamh loighce a bheith ann a léiríonn castacht mhéadaitheach (seachas sin chruthófaí tuilleadh débhríochta agus castachta). Féach Iarscríbhinn II.
(i) Sampla de mheascán briathra lena bhféadfaí castacht mhéadaitheach a thaispeáint:
- is féidir leis nó léi 'coincheapa lóistíochta agus áiseanna láithreáin tógála a phleanáil, a chomhordú agus faireachán a dhéanamh orthu, mar shampla, scafall oibre agus scafall cosantach'.

(ii) Seachain: is féidir leis nó léi 'foirmeánacht a phleanáil, treisiú agus teilgean tógálacha nua, cothabháil ábhar foirgníochta, agus costais, ídiú ama agus tionchar comhshaoil na hoibre a mheasúnú'.
(iii) Rud ba cheart a scríobh: 'Is féidir le sealbhóir na cáilíochta foirmeánacht a phleanáil, tógálacha nua a threisiú agus a theilgean agus ábhair foirgníochta a chothabháil.
(iv) Is féidir leis nó léi costais, ídiú ama agus tionchar comhshaoil na hoibre a mheasúnú.

(b) Cé go ndéanann an leibhéal EQF/NQF a bhaineann le cáilíocht 'leibhéal foriomlán nó meánleibhéal' na cáilíochta (nó a 'meáchanlár') a thabhairt le fios de réir iomláine ghnéithe na cáilíochta, d'fhéadfadh an leibhéal castachta a

([14]) Is gnách go mbíonn tuairisceoirí ar NQFanna sách ginearálta toisc go gcumhdaíonn siad raon leathan cáilíochtaí. Ní mór torthaí foghlama lena dtugtar tuairisc ar cháilíochtaí aonair a bheith níos mionsonraithe agus níos sonraí, ach comhleanúnachas le tuairisceoirí leibhéil NQF/EQF a chinntiú san am céanna.

bhaineann le torthaí foghlama sonracha aonair sna pointí urchair a bheith níos ísle/níos airde ná an meán sin. Cé go bhfuil coinne le roinnt difreálacha, níor cheart iad a bheith róleathan toisc go n-ardódh sé sin ceisteanna faoi chomhsheasmhacht fhoriomlán na cáilíochta.

(c) Tá sé fíor-riachtanach a bheith ar an eolas faoin difríocht idir an méid is féidir a bhreathnú go díreach gan débhríocht a bheith ann faoi (cumas bríceadóra brící a chur ar bhrící, cuir i gcás) agus scileanna a bhfuil sé níos casta iad a bhreathnú (cumas bríceadóra pleanáil agus comhoibriú le ceardaithe eile ag an láithreán tógála, cuir i gcás). Scileanna a bhfuil sé deacair iad a bhreathnú, tá siad fíor-riachtanach freisin agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu agus iad a shainaithint go córasach.

(d) Briathra a thugann gníomhaíochtaí inbhraite agus intomhaiste le fios, bíonn siad ina gcuidiú chun doiléire na dtuairiscí a laghdú.

(e) Torthaí foghlama nach féidir a bhreathnú ná a thomhas go díreach agus go héasca, ní mór tuairisc a thabhairt orthu tríd an gcuspóir agus an comhthéacs a thabhairt le fios go cúramach.

(f) Agus na srianta ar fhad na tuairisce mar a mholtar sna treoirlínte seo á gcur san áireamh, is féidir le páirtithe leasmhara a chinneadh an ndéanfar idirdhealú ar thorthaí éigeantacha agus comhlántacha (roghnaitheacha) agus má dhéantar, conas an t-idirdhealú sin a dhéanamh.

# Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| Cedefop | an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna |
| ELM | an tSamhail Foghlama Eorpach |
| EQF | an Creat Eorpach um Cháilíochtaí |
| ETF | an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna |
| NQF | an Creat Náisiúnta um Cháilíochtaí |
| QDR | Clár na dTacar Sonraí um Cháilíochtaí |
| VET | gairmoideachas agus gairmoiliúint |

# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn I. Samplaí de thuairiscí gearra ar cháilíochtaí, ar tuairiscí iad atá bunaithe ar thorthaí foghlama

Is é is aidhm do na tuairiscí gearra seo a leanas ar 'shamplaí de róil' cur i bhfeidhm praiticiúil na dtreoirlínte a thaispeáint, sin agus a shoiléiriú conas is féidir na treoirlínte a chur chun feidhme. Tá siad bunaithe ar fhíorthuairiscí náisiúnta a forbraíodh trí úsáid a bhaint as na treoirlínte laistigh de chomhthéacs an ghrúpa tionscadail agus rinne baill an ghrúpa tionscadail coigeartuithe agus athbhreithnithe orthu i dteannta a chéile chun iad a ailíniú ar bhealach ní b'fhearr le moltaí na treoirlíne.

| **Cáilíocht: Síceolaí cliniciúil** |
|---|
| Déanann an síceolaí cliniciúil (EQF/NQF 7) teoiricí, modhanna agus teicnící na síceolaíochta cliniciúla eolaíche a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le cur chun cinn na sláinte, an scagthástáil, an diagnóisic shíceolaíoch agus an mheastóireacht ar fhadhbanna sláinte, agus maidir le fadhbanna sláinte a chosc i measc daoine a bhfuil riachtanais chúraim nó tacaíochta acu, na daoine sin a threorú agus cóireáil a chur orthu. Tríd an méid sin a dhéanamh, tacaítear le húsáideoirí cúraim sláinte ón tús trí obair a dhéanamh ar a bhforbairt agus trína neamhspleáchas feidhmiúil agus a bhfolláine a bharrfheabhsú. Réamhriachtanas chun an ghairm a chleachtadh is ea creidiúnú an tsíceolaí chliniciúil a shealbhú mar a leagtar síos sa Dlí um Ghairmeacha Meabhairshláinte. |

Is féidir leis an síceolaí cliniciúil an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) meastóireacht shíceolaíoch a tharraingt suas;
(b) idirghabhálacha a dhéanamh chun fulaingt a mhaolú agus chun sláinte agus folláine daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí a chur chun cinn;
(c) taighde agus torthaí a sholáthar a chuireann leis an eolas gairmiúil agus/nó meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht gníomhaíochtaí gairmiúla éagsúla;
(d) taighde agus saineolas cliniciúil a chomhtháthú i gcomhar le húsáideoirí cúraim agus de réir chomhthéacs na n-úsáideoirí sin;
(e) léargais agus modhanna eolaíocha a chur i bhfeidhm;
(f) gníomhú de réir an chóid eitice;
(g) caidreamh oibre gairmiúil a fhorbairt agus a choinneáil ar bun leis an úsáideoir cúraim;
(h) an ghairm a chleachtadh ar bhealach gairmiúil atá freagrach ó thaobh na sochaí de;
(i) a shaineolas nó a saineolas féin a fhorbairt agus a chothabháil;
(j) machnamh a dhéanamh, chomh maith le féinmheastóireacht agus féinchúram a dhéanamh;
(k) caidreamh a dhéanamh le gairmithe ó dhisciplíní éagsúla.

| Cáilíocht: cúntóir teicneolaíochta faisnéise |
|---|
| Tá sealbhóir na cáilíochta (EQF/NQF 4) in ann dea-fheidhmiú córas TF a chinntiú. Is féidir leis nó léi na córais sin a fhorbairt, a oiriúnú agus/nó a chothabháil agus cúram a dhéanamh d'úsáideoirí. Tá eolas praiticiúil aige nó aici ar an ríomheolaíocht, ar an innealtóireacht leictreach agus ar an innealtóireacht táirgeachta.<br>Oibríonn sé nó sí go neamhspleách agus/nó mar chuid d'fhoireann i ngnólachtaí a fhorbraíonn agus a thairgeann táirgí agus seirbhísí um theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, nó in údaráis agus institiúidí poiblí.<br>Is gairmoiliúint tosaigh scoilbhunaithe í seo. Is féidir an cháilíocht iontrála ardoideachais a bhaint amach ar bhonn roghnach. |

Is féidir le sealbhóir na cáilíochta an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) próisis oibríochtúla, sreafaí oibre agus creatdálaí a anailísiú, a mheasúnú agus a bharrfheabhsú maidir le húsáid na gcóras TF;

(b) próisis oibre a dhearadh trí úsáid a bhaint as áiseanna teicniúla agus eagraíochtúla;

(c) bogearraí feidhmchláir a fhorbairt agus a oiriúnú le haghaidh próisis oibríochtúla;

(d) córais TF a anailísiú, a phleanáil, a thógáil, a choimisiúnú agus a líonrú;

(e) córais TF a anailísiú, a thógáil agus nascadh leo, sin agus córais uathoibrithe a ríomhchlárú agus a choimisiúnú;

(f) bunachair sonraí a phleanáil, a chruthú agus a chothabháil trí úsáid a bhaint as teangacha ríomhchlárúcháin agus uirlisí forbartha bogearraí iomchuí;

(g) an soláthar fuinnimh le haghaidh córais TF a áirithiú agus an tomhaltas fuinnimh a bharrfheabhsú;

(h) cloí le caighdeáin agus rialacháin tionscail agus reachtacha agus le rialacha agus rialacháin theicniúla;

(i) cloí le dea-chleachtais slándála sonraí agus cosanta sonraí agus cloí le cóipchearta;

(j) a thimpeallacht nó a timpeallacht oibre agus a chuid nó a cuid próiseas oibre a mhúnlú ar bhealach freagrach agus machnamh a dhéanamh orthu;

(k) caighdeáin agus treoirlínte a chur i bhfeidhm chun cáilíocht an phróisis agus an táirge a chinntiú;

(l) oibriú i gcomhar le foirne agus cumarsáid a dhéanamh leo;

(m) riachtanais custaiméirí a anailísiú agus comhairle a chur ar chustaiméirí i mBéarla;

(n) eolas agus doiciméid i mBéarla a fháil, a ullmhú agus a chur i láthair, ar eolas agus doiciméid iad a bhaineann leis an ngníomhaíocht.

| Cáilíocht: obair choincréite |
|---|
| Is féidir leis an ngairmí coincréite (EQF/NQF 4) foirmeánacht a phleanáil, struchtúir foirgníochta agus thógála nua a threisiú agus a theilgean, agus foirgnimh atá ann cheana a chothabháil. Tá sealbhóir na cáilíochta in ann tithe, foirgnimh tráchtála, ospidéil, scoileanna agus dambaí a fhoirgniú. Is féidir an cháilíocht a fháil tar éis dé-oiliúint ceithre bliana a dhéanamh sa ghnólacht oiliúna agus sa ghairmscoil. Is féidir an inniúlacht a leathnú a thuilleadh le gairmoideachas tríú leibhéal ag leibhéal EQF 5. |

Tá sealbhóir na cáilíochta in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) oibriú go neamhspleách de réir samhlacha eolais foirgníochta, líníochtaí, tuairiscí agus réitigh réamhdhéanta;

(b) costais, ídiú ama agus tionchar comhshaoil na hoibre a mheasúnú;

(c) tógálacha foirmeánachta a dhéanamh agus páirteanna a fhoirgniú ag baint úsáid as foirmeánacht thraidisiúnta agus foirmeánacht chórais;

(d) tógálacha agus páirteanna foirgneamh a threisiú de réir tuairiscí maidir le cumhdach, ancaireacht agus spladhsáil;

(e) cuntas a thabhairt ar phróisis oibre ina mbaintear úsáid as modhanna réamhdhéanta agus traidisiúnta;

(f) páirteanna struchtúracha éagsúla agus urláir a theilgean agus na hiarmhairtí a bhaineann le brúnna teilgin éagsúla a mheasúnú;

(g) dramhaíl a shórtáil agus a láimhseáil de réir na rialachán atá i bhfeidhm faoi láthair, ábhair a athúsáid agus machnamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhaineann le láimhseáil mhícheart;

(h) córais dearbhaithe cáilíochta a úsáid agus cuntas a thabhairt orthu, obair a dhéanamh i gcomhréir leis na ceanglais atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le sláinte, comhshaol agus sábháilteacht, agus machnamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh na gceanglas sin;

(i) rioscaí a mheasúnú i gcomhréir leis na rialacháin atá i bhfeidhm faoi láthair agus anailís a dhéanamh ar shábháilteacht an phoist;

(j) oibriú i gcomhréir leis na rialacháin agus comhaontuithe lena rialaítear dálaí oibre na gairme, sin agus dualgais agus cearta an fhostóra agus an fhostaí a mhíniú;

(k) machnamh a dhéanamh ar na héilimh agus na hionchais a chuirtear ar phobal gairmiúil cothrom cuimsitheach.

# Iarscríbhinn II. Briathra gníomhaíochta

**Briathra/frásaí briathartha débhríocha agus beachta: Lámhleabhar Cedefop maidir le torthaí foghlama ([15])**

| Débhríoch | | Beacht | |
|---|---|---|---|
| Rud a bheith ar eolas agat<br>Tuig<br>Tairbhigh de<br>Déan amach<br>Tuiscint a bheith agat do | Tuiscint a bheith agat ar an tábhacht a bhaineann le<br>Éirigh cleachta le<br>Creid<br>Bí ar an eolas faoi<br>Tuiscint a bheith agat ar | Déan idirdhealú ar<br>Idirdhealaigh<br>Tabhair le chéile<br>Coigeartaigh<br>Sainaithin<br>Réitigh | Scríobh<br>Aithris<br>Cuir i dtoll a chéile<br>Codarsnacht<br>Déan comparáid<br>Liosta |

**Briathra gníomhaíochta agus frásaí briathartha a asbhaineadh as cáilíochtaí náisiúnta agus as ábhar eile a cuireadh ar fáil agus a ndearnadh anailís orthu i gcomhthéacs ghrúpa tionscadail EQF-Europass maidir le tuairiscí gearra ar thorthaí foghlama ([16])**

| Briathra gníomhaíochta agus frásaí briathartha leathana/ginearálta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| úsáid | déan | críochnaigh | sainigh | tóg | sásaigh |
| oibrigh | socraigh | breithnigh | ceadaigh | gníomhaigh | glac chugat féin |
| cuir i gcrích | coimeád | tabhair faoi deara | tabhair | déan | déileáil le |
| déan | lean ar aghaidh | cuir | déan amach | cuir san áireamh | |
| tabhair | líon | gníomhaigh | sealbhaigh | taispeáin | |

| Briathra gníomhaíochta/frásaí briathartha beachta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| cuir i bhfeidhm | glac le | cuir i dtoll a chéile | tionscain | cruth | ceartaigh |
| seiceáil | treoraigh | réitigh | eagraigh | forfheidhmigh | meas |
| sainaithin | cumraigh | cuir deireadh le | faigh | freastail ar | foghlaim |

([15]) Cedefop (2022). *Torthaí foghlama a shainiú, a scríobh agus a chur i bhfeidhm: lámhleabhar Eorpach – an dara heagrán*. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

([16]) Cuimsíonn na liostaí samplaí de bhriathra a úsáidtear i dtuairisceoirí leibhéil NQF, mar aon le liosta na mbriathra gníomhaíochta a cuireadh ar fáil mar chuid de threoirlínte maidir le curaclaim náisiúnta a dhearadh san Iorua, treoirlínte a d’fhormheas an Aireacht Oideachais agus Taighde agus an Pharlaimint Shámach an 26 Meitheamh 2018 agus a athbhreithníodh in Osló an 10 Deireadh Fómhair 2018:

| Briathra gníomhaíochta/frásaí briathartha beachta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| ullmhaigh | coigeartaigh | téigh i gcomhairle le | déan féinmheastóireacht | ríomh | pacáil |
| léirigh | barrfheabhsaigh | tabhair i gcrích | atáirg | ionadaigh | seachaid |
| forbairt | bailigh | aimsigh | treoraigh | achoimrigh | breathnaigh |
| anailísigh | atóg | tionscain | bain anuas | suigh | láimhsigh |
| táirg | cloígh le | comhaireamh | tionlaic | tacaigh le | tástáil |
| déan cumarsáid | maoirsigh | scoilt | réadaigh | déan idirghabháil | deisiú |
| bí rannpháirteach | monaraigh | treoraigh | tabhair freagairt | díchóimeáil | tuairiscigh |
| próiseáil | buail le | déan arís | leigheas | oibrigh i gcomhar | díol |
| pleanáil | faigh | treoraigh | réamh-mheas | fill | cuardaigh |
| cuir chun feidhme | aithin | nocht | feistigh | dearbhaigh | reáchtáil |
| suiteáil | foirmligh | ríomhchláraigh | fostaigh | aistrigh | caighdeánaigh |
| urramaigh | tabhair chun críche | mínigh | teorannaigh | mionléirigh | struchtúraigh |
| comhtháthaigh | nuashonraigh | dréachtaigh | leag amach | tabhair údar le | cuir isteach |
| cothabháil | doiciméadaigh | cuir chun cinn | tabhair cúnamh | idirbheartaigh | comhlíon |
| tabhair tuairisc | scaip | déan machnamh | beachtaigh | léirshamhlaigh | measúnaigh |
| déan monatóireacht ar | tomhais | measúnaigh | dear | cuir i gcomparáid | cuir ar bun |
| bainistigh | léigh | mol | tiomsaigh | cinn | ceangail |
| roghnaigh | cóimeáil | téigh i gcomhar | calabraigh | tarmlig | sceitseáil |
| cuir i láthair | cuir comhairle ar | freagair | eastósc | fiosraigh | feabhsaigh |
| lean | tóg | oiriúnaigh | scríobh | scrúdaigh | comhroinn |
| cuir i láthair | stóráil | faigh máistreacht ar | athshlánaigh | braith | comhcheangail |
| áirithigh | comhordaigh | cuir ar an eolas | déan cúram de | díol | sonraigh |
| coisc | coimisiúnaigh | réitigh | gnóthaigh | bain as a chéile | malartaigh |
| cruthaigh | déan meastóireacht ar | iniúch | riar | sintéisigh | tabhair le fios |
| próiseáil | eagraigh | tarraing | sintéisigh | modhnaigh | fíoraigh |
| leag síos | roghnaigh | glac | glac páirt | athchóirigh | comhdhlúthaigh |
| cuir ar fáil | cuimsigh | tabhair faoi | léirmhínigh | leithdháil | soláthair |

| Briathra gníomhaíochta/frásaí briathartha beachta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| déan machnamh | bailíochtaigh | formheas | déan nasc | claochlaigh | forghníomhaigh |
| tarraing isteach | slóg | atheagraigh | cosain | breithnigh | coincheapaigh |
| treoraigh | cuardaigh | tabhair treoir do | tabhair isteach | bain amach | déan critíc ar |
| formhaoirsigh | athbhreithnigh | reáchtáil | déan taighde | diagnóisigh | athchóirigh |
| triail | bailíochtaigh | | | | |

| Samplaí de mheascán briathra gníomhaíochta agus frásaí briathartha a bhfuil an cuspóir céanna acu lenar féidir castacht mhéadaitheach a thaispeáint | |
|---|---|
| Dear agus cuir chun feidhme | Stóráil agus cothabháil |
| Cuir chun feidhme agus doiciméadaigh | Bainistigh agus próiseáil |
| Dearbhaigh agus doiciméadaigh | Sainaithin agus tionscain |
| Suiteáil agus cumraigh | Sainaithin agus coisc |
| Suiteáil agus seiceáil | Sainaithin agus déan monatóireacht |
| Cóimeáil agus suiteáil | Sainaithin agus mol |
| Eagraigh agus seiceáil | Pacáil agus seachaid |
| Cuir i dtoll a chéile agus seiceáil | Cóimeáil agus cuir isteach |
| Seiceáil agus comhlíon | Ullmhaigh, sainaithin agus mínigh |
| Pleanáil agus eagraigh | Pleanáil, ullmhaigh agus cuir chun feidhme |
| Pleanáil agus sceitseáil | Comhordaigh, ullmhaigh agus déan cúram de |
| Pleanáil agus cuir chun feidhme | Déan monatóireacht, pleanáil agus tuairiscigh |
| Tomhais agus anailísigh | Forbair, cruthaigh agus tabhair tacaíocht |
| Anailísigh agus bainistigh | Forbair, scríobh agus meas |
| Anailísigh agus cuir i gcomparáid | Cuir chun feidhme, comhtháthaigh agus seiceáil |
| Léirmhínigh agus cuir i bhfeidhm | Anailísigh, leigheas agus cothabháil |
| Cuir ar an eolas agus cuir comhairle | Cuardaigh, anailísigh agus measúnaigh |
| Cuir comhairle agus treoraigh | Léirigh, comhtháthaigh agus cuir i bhfeidhm |
| Oibrigh i gcomhar agus déan cumarsáid | Sainaithin, roghnaigh agus anailísigh |
| Déan cumarsáid agus déan idirbheartaíocht | Anailísigh, déan meastóireacht agus feabhsaigh |
| Ullmhaigh agus tabhair i gcrích | Treoraigh, maoirsigh agus freagair |
| Ullmhaigh agus tiomsaigh | Comhordaigh, stiúir agus coigeartaigh |
| Tabhair faoi agus eagraigh | Tóg, suiteáil, atóg, cothabháil agus athshlánaigh |
| Léirigh agus cuir i láthair | Feistigh, cóimeáil, díchóimeáil agus bain anuas |
| Forbair agus coigeartaigh | |

# Iarscríbhinn III. Cáilitheoirí (mar shampla, aidiachtaí agus dobhriathra)

**Samplaí de cháilitheoirí a asbhaineadh as tuairisceoirí leibhéil ar chreataí náisiúnta um cháilíochtaí na dtíortha a chuireann EQF chun feidhme ([17])**

| Samplaí de cháilitheoirí leathana/ginearálta | | |
|---|---|---|
| Áirithe | Eochair | Iomchuí/go hiomchuí |
| Ábhartha | Sonrach/go sonrach | Oiriúnach/go hoiriúnach |
| An- | Leathan/go leathan | Rathúil/go rathúil |
| Ilghnéitheach | Ceart/i gceart | Gnáth-/de ghnáth |
| Go maith | Éifeachtach/go héifeachtach | Tábhachtach/go tábhachtach |
| Riachtanach | Fairsing/go fairsing | |

| Sampla de cháilitheoirí (dobhriathra nó aidiachtaí) a d'fhéadfadh a bheith ina dtacaíocht chun leibhéil chastachta a chur in iúl | | |
|---|---|---|
| Bunúsach | Ardleibhéal | Iomlán/críochnaithe/go hiomlán |
| Coitianta | Idirmheánach | Casta/achrannach |
| Simplí | Neamhspleách/go neamhspleách | Nuálach/nuálaíocht/go nuálach |
| Athráiteach | Cruthaitheach/go cruthaitheach | Bainistíocht/bainistíochta |
| Struchtúrtha | Neamhspleách/go neamhspleách | Úrnua/úrnuacht(a) |
| Sainithe | Speisialaithe/sain- | Substaintiúil |
| Gnáthamh | Nua/úr | Freagrach/go freagrach |
| Bun- | Criticiúil/go criticiúil | Straitéiseach/go straitéiseach |
| Sannta | Cuimsitheach | Neamh-intuartha/gan choinne |
| Comhtháite | Neamhghnách | Coincheapúil/go coincheapúil |
| Neamhspeisialaithe | Dothuartha | Intuartha/go hintuartha |
| Teoranta | Mion- | Go páirteach/páirteach/i bpáirt |
| Go laethúil/ó lá go lá | Réamhshainithe/réamhchinntithe | Sofaisticiúil |

([17]) Is féidir teacht ar thuairisceoirí leibhéil NQF in Cedefop (2018). Is i mBéarla a foilsíodh iad. *Anailís agus forbhreathnú ar thuairisceoirí leibhéil NQF i dtíortha Eorpacha.* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. I gcás na dtíortha a chuir tuarascálacha tagartha nuashonraithe ar fáil tar éis 2016, úsáideadh an tuarascáil tagartha nuashonraithe.

# Iarscríbhinn IV.An Creat Eorpach um Cháilíochtaí: tuairisceoirí leibhéil ([18])

| | Eolas | Scileanna | Freagracht agus neamhspleáchas | |
|---|---|---|---|---|
| | I gcomhthéacs EQF, tugtar tuairisc ar eolas mar eolas teoiriciúil agus/nó fíorasach. | I gcomhthéacs EQF, tugtar tuairisc ar scileanna mar scileanna cognaíocha (a bhaineann le húsáid na smaointeoireachta loighciúla, iomasaí agus chruthaithí) agus scileanna praiticiúla (a bhaineann le deaslámhacht agus le húsáid modhanna, ábhar, uirlisí agus ionstraimí) | I gcomhthéacs EQF, tugtar tuairisc ar fhreagracht agus neamhspleáchas mar chumas an fhoghlaimeora eolas agus scileanna a chur i bhfeidhm go neamhspleách agus go freagrach. | |
| **Leibhéal 1** | Buneolas ginearálta | Scileanna bunúsacha is gá chun cúraimí simplí a dhéanamh | Obair nó staidéar a dhéanamh faoi mhaoirseacht dhíreach i gcomhthéacs struchtúrtha | Leibhéal 1 |
| **Leibhéal 2** | Buneolas fíorasach ar réimse oibre nó staidéir | Scileanna cognaíocha agus praiticiúla bunúsacha is gá chun eolas ábhartha a úsáid le haghaidh cúraimí a dhéanamh agus gnáthfhadhbanna a réiteach trí rialacha agus uirlisí simplí a úsáid | Obair nó staidéar a dhéanamh faoi mhaoirseacht le leibhéal neamhspleáchais áirithe | Leibhéal 2 |
| **Leibhéal 3** | Eolas ar fhíricí, ar phrionsabail, ar phróisis agus ar choincheapa ginearálta i réimse oibre nó staidéir | Raon scileanna cognaíocha agus praiticiúla is gá chun cúraimí a chur i gcrích agus fadhbanna a réiteach trí mhodhanna bunúsacha, uirlisí, ábhair agus eolas a | Freagracht a ghlacadh as cúraimí oibre nó staidéir a chur i gcrích; a iompraíocht nó a hiompraíocht féin a oiriúnú do na cúinsí nuair a bhíonn fadhbanna á réiteach | Leibhéal 3 |

([18]) Sainítear gach ceann de na hocht leibhéal le tacar tuairisceoirí a thugann le fios na torthaí foghlama is ábhartha maidir le cáilíochtaí ar an leibhéal sin in aon chóras um cháilíochtaí. Is éard atá i gceist le torthaí foghlama ráitis maidir leis an méid atá ar eolas ag foghlaimeoir, an méid a thuigeann sé nó sí agus an méid is féidir leis nó léi a dhéanamh tar éis próiseas foghlama a chur i gcrích. Sainítear an méid sin i dtéarmaí eolais, scileanna, agus freagrachta agus neamhspleáchais. Foinse: Moladh EQF, 2017

| | Eolas | Scileanna | Freagracht agus neamhspleáchas | |
|---|---|---|---|---|
| | | roghnú agus a chur i bhfeidhm | | |
| **Leibhéal 4** | Eolas fíorasach agus teoiriciúil i gcomhthéacsanna leathana laistigh de réimse oibre nó staidéir | Raon scileanna cognaíocha agus praiticiúla is gá chun réitigh a fháil ar fhadhbanna sonracha i réimse oibre nó staidéir | Féinbhainistiú a dhéanamh de réir treoirlínte i gcomhthéacsanna oibre nó staidéir atá intuartha de ghnáth ach a bhféadfadh athrú teacht orthu; gnáthobair daoine eile a mhaoirsiú, agus freagracht áirithe a ghlacadh as meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oibre nó staidéir agus iad a fheabhsú | Leibhéal 4 |
| **Leibhéal 5** | Eolas cuimsitheach, speisialaithe, fíorasach agus teoiriciúil laistigh de réimse oibre nó staidéir agus feasacht ar theorainneacha an eolais sin | Réimse cuimsitheach scileanna cognaíocha agus praiticiúla is gá chun réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna teibí a fhorbairt | Bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh i gcomhthéacs gníomhaíochtaí oibre nó staidéir ina mbíonn athruithe dothuartha; a fheidhmíocht nó a feidhmíocht féin, chomh maith le feidhmíocht daoine eile a athbhreithniú agus a fhorbairt | Leibhéal 5 |
| **Leibhéal 6** | Ardeolas ar réimse oibre nó staidéir a mbaineann tuiscint chriticiúil ar theoiricí agus ar phrionsabail léi | Ardscileanna a léiríonn máistreacht agus nuálaíocht, ar ardscileanna iad is gá chun fadhbanna casta dothuartha a réiteach i réimse speisialaithe oibre nó staidéir | Gníomhaíochtaí nó tionscadail chasta a bhainistiú, bídís teicniúil nó gairmiúil, agus freagracht a ghlacadh as an gcinnteoireacht i gcomhthéacsanna oibre nó staidéir dothuartha; freagracht a ghlacadh as bainistiú a dhéanamh ar fhorbairt ghairmiúil daoine aonair agus grúpaí | Leibhéal 6 |
| **Leibhéal 7** | Eolas an-speisialaithe, a bhfuil cuid de ar thús cadhnaíochta i réimse oibre nó staidéir, mar bhonn faoi smaointeoireacht úrnua agus/nó faoi thaighde<br>Feasacht chriticiúil ar shaincheisteanna eolais i réimse | Sainscileanna réitigh fadhbanna is gá sa taighde agus/nó sa nuálaíocht chun eolas agus próisis nua a fhorbairt agus chun eolas ó réimsí éagsúla a chomhtháthú | Comhthéacsanna oibre nó staidéir a bhainistiú agus a chlaochlú, ar comhthéacsanna iad atá casta, dothuartha agus a mbíonn cuir chuige straitéiseacha nua ag teastáil ina leith; freagracht a ghlacadh as cur le heolas agus cleachtas gairmiúil agus/nó as feidhmíocht | Leibhéal 7 |

| | Eolas | Scileanna | Freagracht agus neamhspleáchas | |
|---|---|---|---|---|
| | sonrach agus san fhorluí idir réimsí éagsúla | | straitéiseach foirne a athbhreithniú | |
| **Leibhéal 8** | Eolas ag an teorainn is forbartha i réimse oibre nó staidéir agus san fhorluí idir réimsí | Na scileanna agus na teicnící is forbartha agus is speisialaithe, an sintéis agus an mheastóireacht ina measc, ar scileanna agus teicnící iad is gá chun fadhbanna criticiúla sa taighde agus/nó sa nuálaíocht a réiteach agus chun an t-eolas nó an cleachtas gairmiúil atá ann cheana a leathnú agus a athshainiú | Léiriú a thabhairt ar údarás substaintiúil, nuálaíocht, neamhspleáchas, ionracas scolártha agus gairmiúil, agus tiomantas leanúnach d’fhorbairt smaointe nó próiseas nua atá ar thús cadhnaíochta i gcomhthéacsanna oibre nó staidéir, comhthéacs an taighde san áireamh | Leibhéal 8 |

Sa Chreat Cáilíochtaí le haghaidh an Réimse Ardoideachais Eorpaigh, tugtar tuairisceoirí i gcomhair trí thimthriall a chomhaontaigh na hairí atá freagrach as an ardoideachas ag an gcruinniú a bhí acu in Bergen i mí na Bealtaine 2005 faoi chuimsiú phróiseas Bologna. I ngach tuairisceoir timthrialla, tá ráiteas cineálach ar na hionchais thipiciúla maidir le gnóthachtálacha agus cumais a bhaineann le cáilíochtaí. Léiriú ar dheireadh an timthrialla is ea na gnóthachtálacha agus na cumais sin.

An tuairisceoir i gcomhair an timthrialla ghearr a d’fhorbair an Tionscnamh Comhpháirteach um Cháilíocht mar chuid de phróiseas Bologna (a d’fhéadfadh a bheith laistigh den chéad timthriall nó nasctha leis), comhfhreagraíonn sé do thorthaí foghlama leibhéal 5 EQF. Comhfhreagraíonn an tuairisceoir i gcomhair an chéad timthrialla do thorthaí foghlama leibhéal 6 EQF. Comhfhreagraíonn an tuairisceoir i gcomhair an dara timthriall do thorthaí foghlama leibhéal 7 EQF. Comhfhreagraíonn an tuairisceoir i gcomhair an tríú timthriall do thorthaí foghlama leibhéal 8 EQF.

*Foinse:* Moladh EQF, 2017 – Tuairisceoirí leibhéil.

# Iarscríbhinn V. Foinsí agus naisc bhreise

[URLanna arna rochtain 10.4.2024]

- Ba cheart na treoirlínte a úsáid le haghaidh tuairiscí gearra ar cháilíochtaí a fhorbairt, ar cáilíochtaí iad a fhoilsítear ar thairseach Europass.
- Foilsítear cáilíochtaí agus deiseanna foghlama in Europass trí Chlár na dTacar Sonraí um Cháilíochta (QDR).
- Ní mór na sonraí a fhoilsítear ar QDR a fhoilsiú trí úsáid a bhaint as an tSamhail Foghlama Eorpach.
- I lámhleabhar Eorpach Cedefop maidir le torthaí foghlama a shainiú, a scríobh agus a chur i bhfeidhm, an chéad eagrán, 2017 ([19]) agus an dara heagrán, 2022 ([20]), tá treoracha ginearálta maidir le húsáid torthaí foghlama; i leagan 2022 tá liosta cuimsitheach d'acmhainní idirnáisiúnta agus náisiúnta (ábhar treoraíochta agus taighde), atá ina thacaíocht chun torthaí foghlama a shainiú, a scríobh agus a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla (measúnú, curaclaim, cáilíochtaí, etc.).
- Moladh 2017 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF). Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 maidir leis an gcreat Eorpach um cháilíochtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus lena n-aisghairtear an moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir leis an gcreat Eorpach um cháilíochtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a bhunú.
- Cuimsítear tuairisceoirí leibhéil NQF i bhfoilseachán de chuid Cedefop maidir leis an Anailís agus forbhreathnú ar thuairisceoirí leibhéil NQF i dtíortha Eorpacha (2018).
- An Coimisiún Eorpach. (2017). ESCO: Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha Eorpacha.
- Na Stáit Aontaithe. An Roinn Saothair. Líonra Eolais Gairme O*Net.
- Creat príomhinniúlachtaí. Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le príomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Comhairle an Aontais Eorpaigh. (2018).
- An Creat um Inniúlacht Fiontraíochta (EntreComp). An Coimisiún Eorpach & An tAirmheán Comhpháirteach Taighde. (2016).

---

([19]) Cedefop (2017). *Torthaí foghlama a shainiú, a scríobh agus a chur i bhfeidhm: lámhleabhar Eorpach.* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

([20]) Cedefop (2022). *Torthaí foghlama a shainiú, a scríobh agus a chur i bhfeidhm: lámhleabhar Eorpach – an dara heagrán*. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

- An Creat um Inniúlacht Dhigiteach do Shaoránaigh (DigComp 2.2). An Coimisiún Eorpach & An tAirmheán Comhpháirteach Taighde (2022).
- An Creat Inniúlachtaí maidir leis an gCultúr Daonlathach (RFCDC). Comhairle na hEorpa (2013).
- Fardal Eorpach na gCreataí Náisiúnta um Cháilíochtaí (NQFanna). Cedefop (2022).
- Tá tuilleadh eolais faoi NQFanna le fáil ar shuíomh gréasáin agus i mbunachair sonraí NQF. Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin agus bunachair sonraí, chomh maith le sonraí teagmhála phointí comhordúcháin na gCreataí Náisiúnta um Cháilíochtaí le fáil de réir tíre.

# Achoimre

Cuirtear prionsabail choiteanna i láthair sna treoirlínte maidir le tuairiscí gearra bunaithe ar thorthaí foghlama a fhorbairt le haghaidh gach cáilíochta. Tá na tuairiscí sin ríthábhachtach do bhunachair sonraí agus cláir cáilíochtaí.
Is cuid d'iarracht níos leithne ar an leibhéal Eorpach é an tionscnamh seo chun trédhearcacht na gcáilíochtaí a mhéadú ó thír go chéile, rud a éascaíonn an tsoghluaisteacht agus a thacaíonn leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.
Tá méadú tagtha ar thuiscint agus inaistritheacht na gcáilíochtaí a bhuí leis an dul chun cinn nach beag i gCreataí Náisiúnta um Cháilíochtaí (NQFanna) agus an úsáid a bhaintear as torthaí foghlama san Eoraip. Trí thuairiscí gearra ar cháilíochtaí agus ar thorthaí foghlama na gcáilíochtaí a struchtúrú, cuirtear feabhas ar thrédhearcacht agus ar inchomparáideacht i rith an ama agus éascaítear an fháil a bhíonn orthu, mar aon leis an úsáid a bhaintear astu i dtimpeallachtaí digiteacha.
Is áis iad na tuairiscí gearra chun rochtain thapa ar fhaisnéis faoi thorthaí foghlama a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, d'fhostóirí, do sholáthraithe oideachais agus oiliúna, agus do dhaoine eile, agus comhlánaíonn na tuairiscí gearra na tuairiscí iomlána náisiúnta.
Tugtar moltaí san fhoilseachán maidir le gnéithe foirmiúla (fad, formáid) agus ábhar (raon feidhme, castacht, comhthéacs) na dtuairiscí sin. Tá acmhainní praiticiúla ann freisin, mar shampla, liostaí de bhriathra gníomhaíochta/frásaí briathartha agus cáilitheoirí, atá ina gcuidiú chun tuairisc shoiléir a thabhairt ar thorthaí foghlama cáilíochtaí.

# TREOIRLÍNTE EORPACHA MAIDIR LE TUAIRISCÍ GEARRA AR CHÁILÍOCHTAÍ A FHORBAIRT AGUS A SCRÍOBH, AR TUAIRISCÍ IAD ATÁ BUNAITHE AR THORTHAÍ FOGHLAMA

Cuirtear prionsabail choiteanna i láthair sna treoirlínte maidir le tuairiscí gearra bunaithe ar thorthaí foghlama a fhorbairt le haghaidh gach cáilíochta. Tá na tuairiscí sin ríthábhachtach do bhunachair sonraí agus cláir cáilíochtaí.

Is cuid d'iarracht níos leithne ar an leibhéal Eorpach é an tionscnamh seo chun trédhearcacht na gcáilíochtaí a mhéadú ó thír go chéile, rud a éascaíonn an tsoghluaisteacht agus a thacaíonn leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

Tá méadú tagtha ar thuiscint agus inaistritheacht na gcáilíochtaí a bhuí leis an dul chun cinn nach beag i gCreataí Náisiúnta um Cháilíochtaí (NQFanna) agus an úsáid a bhaintear as torthaí foghlama san Eoraip. Trí thuairiscí gearra ar cháilíochtaí agus ar thorthaí foghlama na gcáilíochtaí a struchtúrú, cuirtear feabhas ar thrédhearcacht agus ar inchomparáideacht i rith an ama agus éascaítear an fháil a bhíonn orthu, mar aon leis an úsáid a bhaintear astu i dtimpeallachtaí digiteacha.

Is áis iad na tuairiscí gearra chun rochtain thapa ar fhaisnéis faoi thorthaí foghlama a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, d'fhostóirí, do sholáthraithe oideachais agus oiliúna, agus do dhaoine eile, agus comhlánaíonn na tuairiscí gearra na tuairiscí iomlána náisiúnta.

Tugtar moltaí san fhoilseachán maidir le gnéithe foirmiúla (fad, formáid) agus ábhar (raon feidhme, castacht, comhthéacs) na dtuairiscí sin. Tá acmhainní praiticiúla ann freisin, mar shampla, liostaí de bhriathra gníomhaíochta/frásaí briathartha agus cáilitheoirí, atá ina gcuidiú chun tuairisc shoiléir a thabhairt ar thorthaí foghlama cáilíochtaí.

6222 GA - TI-BA-24-003-GA-N - doi:10.2801/064677

CEDEFOP
European Centre for the Development of Vocational Training

Europe 123, Thessaloniki (Pylaia), AN GHRÉIG
Post: Cedefop service post, 570 01 Thermi, AN GHRÉIG
Teil. +30 2310490111, Facs +30 2310490020
Ríomhphost: info@cedefop.europa.eu

www.cedefop.europa.eu

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
An Dlí | Sonraí | Foilseacháin